Tuairisc Bhliantúil
2022



Teangacha
Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary
Languages Ireland

ppli.ie

TIBÉ (PPLI) – Uimhreacha na Bliana

Cuir fáilte roimh theangacha

50,000
páiste

720
Bunscoil

#ThinkLanguages

15,000
scoláire idirbhliana

180
scoil

200+
uair an chloig FGL

Seisiúin eolais do theangacha nua ag leibhéal na hArdteistiméireachta

6
sheisiún

263
duine a d'fhreastail

7,702
Soláthar teanga do scoláirí i scoileanna:

Sínis	1,840	Seapáinis	2,627
Cóiréis	408	Liotuáinis	395
Polainnis	1,486	Portaingéilis	380
Rúisis	519	Rómáinis	47

Oiliúint curtha ar

309
cúntóir teangacha iasachta agus múinteoirí comhoibrithe

55
Pobal cleachtais éascaithe

379
Scoláire i ranganna Sathairn

Sínis	50	Seapáinis	91
Liotuáinis	12	Portaingéilis	35
Polainnis	72	Rómáinis	47
		Rúisis	72

Clár

Brollach 4

Réamhrá do TIBÉ/PPLI 6

Struchtúr agus Rialachas 7

Athbhreithniú an stiúrthóra 8

SPRIOC 1: 10

Cumas teanga a fheabhsú trí thimpeallacht foghlama níos tarraingtí a chruthú

Traenáil do Chúntóirí Teangacha Iasachta agus do Mhúinteoirí Comhoibrithe 12

Spotsolas ar Scoileanna 14

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí i dTeangacha Nua agus Tearctheagasctha 16

Tacaíochtaí do mhúinteoirí inseirbhíse 18

Modúl teangeolaíochta san Idirbhliain 20

Comhoibriú le Soláthróirí Oiliúint Tosaigh Múinteoirí 21

Pobal cleachtais Nuatheangacha Iasachta 22

Ag tacú le forbairt acmhainní ar fud na tíre le comhlaigh TIBÉ/PPLI 23

Modheolaíochtaí nuálaíocha – teicneolaíocht dhigiteach 25

Scéim na múinteoirí Spáinnise ar cuairt 26

Deiseanna soghluaiseachta 27

FCÁT – Foghlaim Chomhtháite Teangacha agus Ábhair 29

Sprioc 1: Ag dul chun cinn 32

SPRIOC 2: 35

Éagsúlaigh agus méadaigh roghnú na dteangacha a fhoghlaimítear agus cothaigh teangacha na nua-Éireannach

Scéim Scilbhisithe Múinteoirí NTI 36

Scéim Maoinithe maidir le hEasnamh Critéir Chomhairle na Múinteoirí 37

Leithdháileadh breise do scoileanna chun tacú le héagsúlacht i Soláthar Teangacha Iasachta 38

Tionscadal Foghlaim Chumaisc: Polainnis na hArdteistiméireachta 39

Cóiréis 41

Rómáinis 42

Seisiúin eolais ar Theangacha Nua Curaclaim do Thuismitheoirí agus Scoláirí 43

Forbairt ar Shínis agus ar dheiseanna foghlama cultúir 45

Sínis san Ardteistiméireacht 47

Sínis san Idirbhliain 50

Seapáinis 53

Portaingéilis 55

Rúisis 56

Liotuáinis 57

Polainnis 59

Campaí Samhraidh do Theangacha Oidhreachta agus Tearctheagasctha 61

Modúl Samplach do Theangacha i mBunscoileanna 64

Scéim Maoinithe Teangacha Baile do Leabharlanna Scoile 75

Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh Scéim Maoinithe Leabharlann 77

Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna 78

Freagairt Úcránach – Mataí teanga, ranganna, aistriúchán 79

Sprioc 2 - Ag dul chun cinn 80

SPRIOC 3: 83

Daoine a chur ar an eolas faoi thábhacht foghlaim teangacha chun úsáid níos leithne teangacha iasachta a spreagadh

Comhdhálacha Bainistíocht Shinsearach Scoileanna agus Seisiúin Chomhairliúchán 84

Comhdhálacha Múinteoirí agus Comhoibrithe Páirtithe Leasmhara 86

Áiseanna Treoirghairme agus Comhoibrithe Páirtithe Leasmhara 88

Imeachtaí Scoláirí 90

#ThinkLanguages 92

Comhoibriú agus Daoine a chur ar an eolas le hInstitiúidí Ardoideachais 106

Comhoibriú chun Daoine a chur ar an eolas – MS Léamhatón 109

Comhoibriú chun Daoine a chur ar an eolas – Oíche Chultúir 110

Comhoibriú le hAmbasáidí agus le hInstitiúidí Cultúrtha 112

Sprioc 3 – Ag dul chun cinn 117

SPRIOC 4: 119

Rannpháirtíocht fostóirí a chur chun cinn i bhforbairt agus in úsáid teangacha trádála

Comhoibriú Gnó sa Phobal 120

Domhan na hOibre 122

Sprioc 4 – Ag dul chun cinn 123

Baill foirne TIBÉ 2022 124

Comhlaigh TIBÉ 2022 125

Oifigigh Forbartha TIBÉ 2022 125

Achoimre Airgeadais 2022 126



Brollach

Fáiltím roimh an tuairisc bhliantúil de chuid Teangacha iar-bhunscoile Éireann, i gcomhthéacs an ról leanúnach atá acu i gcur i bhfeidhm príomhghníomhartha Languages Connect – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag an straitéis tacú le foghlaim fheabhsaithe teangacha iasachta i gcóras oideachais na hÉireann agus cur leis na buntáistí do dhaoine aonair, don phobal agus don gheilleagar a bhaineann le méadú ar éagsúlacht an tsoláthair


Tá TIBÉ ag tacú linn le cur i bhfeidhm 'Cuir fáilte roimh theangacha' an modúl samplach do bhunscoileanna. Tá áthas orm go bhféadfadh muid an dara bliain den chur i bhfeidhm a mhaoiniú don scoilbhliain 2022-23, le rannpháirtíocht méadaithe ó 500 go 700 scoil agus ó 33,000 go 50,000 scoláire, modúl leathnaithe go hocht seachtaine ó sé seachtain, agus méadú go 15 in éagsúlacht na dteangacha atá ar fáil do scoláirí – an Úcráinis ina measc. Táimid ag féachaint anois ar bhliain eile den chur i bhfeidhm. Roghnaigh aon scoil déag sa scoilbhliain reatha Úcráinis mar theanga an mhodúil, agus tugann sé seo deis iontach dár scoláirí ón Úcráin a bheith páirteach, agus luach agus meas a mhothú óna gcairde sa rang agus iad ag foghlaim na hÚcráinise. Léiríonn éagsúlacht na dteangacha atá á dteagasc sa mhodúl, ilchultúr agus ilteangachas an phobail ina gcónaímid. Cuireann an modúl scoláirí ar an eolas faoi éagsúlacht na dteangacha a úsáideann a gcuid piaraí sna scoileanna agus sa phobal.

Tá mo roinn tar éis oibriú go dian chun líon na gcúntóirí teangacha iasachta (CTI/FLA) a mhéadú inár scoileanna, mar chuid den straitéis teangacha iasachta. Tá áthas orm leis an tacaíocht atá tugtha ag TIBÉ dúinn sa chomhthéacs seo, trí thacaíocht a thabhairt i bhfoirm ionduchtaithe, traenáil chun comhoibriú idir na CTIanna agus a gcuid múinteoirí comhoibrithe, agus treoir agus tacaíocht leanúnach do na CTI/FLA i gcóras meantóireachta atá curtha i bhfeidhm acu.



Tá TIBÉ/PPLI fós ag cur gníomhaíochtaí agus áiseanna ar fáil a thacaíonn le cur i bhfeidhm oideachas ar ardchaighdeán, rud a shásaíonn riachtanais éagsúlacht scoláirí le cúlraí éagsúla teanga, agus a fheabhsaíonn múineadh agus foghlaim teangacha iasachta go ginearálta i scoileanna. Tháinig méadú ar líon na scoláirí idirbhliana a ghlac páirt in #ThinkLanguages i mbliana – go 15,000 – agus tá ceiliúradh náisiúnta seo na dteangacha suite go buan ar fhéilire scoile imeachtaí. Tá múinteoirí á dtraenáil go fóill i modheolaíochtaí nua i gcomhthéacs foghlaim chumais, foghlaim ar líne agus FCÁT, mar aon le FGL dírithe ar theangacha. Tá sé seo ar fad ag cur le forbairt cumas luachmhar inár gcóras.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil arís as gach a dhéanann TIBÉ/PPLI chun foghlaim teangacha a chur chun cinn in Éirinn, agus ba mhaith liom gach rath a ghuí ar TIBÉ/PPLI don bhliain atá romhainn.



Norma Foley, T.D.

Aire Oideachais



Réamhrá do TIBÉ/PPLI

Is aonad é Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann (TIBÉ/PPLI) atá tiomnaithe do chur chun cinn saineolais agus tacaíocht d'oideachas teangacha iasachta in Éirinn. Bunaíodh TIBÉ ar dtús i Meán Fómhair 2000 le cúram múineadh teangacha i scoileanna dara leibhéal ar fud na hÉireann a éagsúlú, a fheabhsú agus a leathnú. Tá sé seo amhlaidh go fóill le béim ar na deiseanna, atá ar fáil do scoláirí teangacha iasachta a fhoghlaim, a fheabhsú agus a leathnú. Is teangacha iad a bhaineann le todhchaí cultúrtha, sóisialta agus airgeadais na hÉireann. Is é TIBÉ/PPLI an t-aon eagraíocht atá tiomnaithe do thacú le teangacha iasachta in Éirinn, agus aithnítear a ról tábhachtach in Languages Connect – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-26, arbh é an comhthéacs do ghníomhaíochtaí TIBÉ/PPLI. Díríonn siad seo ar chur i bhfeidhm príomhghníomhartha na straitéise seo. Tá an fhoireann ag leathnú go fóill in 2022, agus tá 17 mball sa chroífhoireann. I measc na mball foirne, tá comhairleoir Seapáinise agus beirt intéirneach. Anuas air sin, fostaíonn TIBÉ 6 Oifigeach Forbartha don tSínis, 19 don tSeapáinis, 1 don Chóiréis, 2 don Liotuáinis, 15 don Pholainnis, 3 don Phortaingéilis, 1 don Rómáinis agus 7 don Rúisis.

Tá ról níos leithne freisin do TIBÉ/PPLI i gcur i bhfeidhm na straitéise, san áireamh tá daoine a chur ar an eolas, rannpháirtíocht fostóirí agus teangacha sa tsochaí, chomh maith le gnéithe tábhachtacha den chur i bhfeidhm, a bhaineann le teangacha san oideachas. Cuid eile dá ról ná taighde fheidhmeach a dhéanamh, a dhéanann eolas agus tacaíocht don pholasaí.

Struchtúr agus Rialachas

Is tionscadal de chuid Aonad Polasaí Curaclaim agus Measúnaithe i Roinn an Oideachais (RO) é TIBÉ. Is fochoiste de chuid Grúpa Comhairleacha Teangacha Iasachta (FLAG) é coiste bainistíochta TIBÉ – Grúpa Comhairleach Iar-bhunscoile Teangacha Iasachta (FLAGPP). Bunaíodh é in 2018 chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Straitéis Languages Connect. Tuairiscíonn FLAGPP do FLAG.

Tugann an coiste seo comhairle agus tacaíocht, más cuí, do TIBÉ agus RO; cuireann sé deis plé ar chur i bhfeidhm polasaí reatha agus comhairlíonn FLAG ar threo/tosaíochtaí don straitéis i réimse na n-iar-bhunscoile sa todhchaí; tugann sé na príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun comhairle a chur ar fáil ó réimse dearcthaí, chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise; déanann sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach na ngnéithe/gníomhartha polasaí sa Straitéis agus sa Phlean Cur i bhFeidhm.

Is ball den chigireacht sa Roinn Oideachais a dhéanann cathaoirleacht ar FLAGPP, Maria Lorigan i láthair na huaire, agus is ionadaí í ar son na cigireachta fosta ar FLAG. Cuireann TIBÉ an rúnaíocht ar fáil. I measc na mball ar an bhfochoiste, tá ionadaithe iar-bhunscoile ó FLAG mar aon le saineolaithe eile cuí.

Faigheann TIBÉ maoiniú 100% ón RO. Faoi láthair, úsáideann siad cóiríocht oifige ag ESBS, RO, i mBaile Bhlainséir agus seirbhísí curtha ar fáil ag Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath.

Baill den Choiste

(Déanfar athbhreithniú ar bhallraíocht bunaithe ar dhaoine imithe ar scor agus ar athbhreithniú eatramhach na straitéise))

An chigireacht, RO, Cathaoirleach	Maria Lorigan
Aonad Polasaí Curaclaim agus Measúnaithe	Leona De Khors, Lorcán Ó hAlmhain
TIBÉ/PPLI	Karen Ruddock
Oideachas Múinteoirí SSM/JCT	Clíodhna McManamon
ITE, Ollscoil Mhá Nuad	Dr Céline Healy
NAPD	Regina Butler
CNCM/NCCA	Mary-Elaine Tynan
CSS/SEC	Anne Marie Manton
Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí Teanga	Wilma Slevin
Saineolaí Teangacha agus Príomhoide ar Scor, Pobalscoil Bhaile an Hartaigh	John Bean

Athbhreithniú an stiúrthóra

Tá TIBÉ/PPLI tar éis dul i dtaithí ar na hathruithe, ar saintréithe de ré na paindéime iad. Ba é 2022 an bhliain a tháinig muid as an bpaindéim ach tá roinnt tionscadal, mar aon le hiompair, neadaithe anois. Mar a tharla le go leor eagraíochtaí eile, éascaímid solúbthacht maidir le hobair foirne. Oibrímid níos lú sa spás fisiciúil agus níos mó sa spás fíorúil. An taithí atá againn air sin, ná go bhfeabhsaíonn sé eispéireas na bhfostaithe agus anuas air sin, gur méadaíodh ar tháirgiúlacht agus ar éifeachtúlacht. Le teachtaireachtaí meandracha ar Teams ar fáil i gcónaí (seachas am ciúin maidin Dé hAoine), agus físghlaonna ina ngnáthrud, is féidir linn fanacht i dteagmháil le daoine ainneoin a bheith i spás fíorúil. Moltar am a shábháil agus roinnimid comhaid ar líne, rud a éascaíonn bainistíocht tionscadail agus comhobair eile a dhéanamh ar líne. Tá níos lú taistil le déanamh. Téimid chuig an oifig cúpla lá sa tseachtain, ach táimid níos beartaithe i dtacú leis an bhfoireann oibriú le chéile ach gan buaileadh le chéile chomh minic, agus níl aon dabht ach gur rud maith é sin. Is dóigh linn áfach, go bhfuil cinntí móra agus ransú smaointe níos éifeachtaí déanta go pearsanta, agus mar sin, is tosaíocht é sin nuair is gá.

Tá go leor tionscadail agus forbairtí iontacha ó 2022 greanta ar chuimhne coiteann TIBÉ. Ina measc, forbairt ar 72 áis FCÁT NTI chun tacú le múinteoirí agus iad ag neadú cleachtas FCÁT in Éirinn. Thosaigh malartuithe pearsanta scoile arís tar éis na paindéime, agus thacaigh muid le malairt Seapáinise den chéad uair. Aithníodh campaí samhraidh agus leathnaíodh iad chun Polainnis, Rómáinis, Liotuáinis agus Sínis a chumhdach.

Rinne muid bainistíocht ar thionscadail a tugadh isteach i rith COVID, agus leathnaigh muid iad, m.sh. #ThinkLanguages bunscoile agus pearsanta, agus d'fhill muid ar rannpháirtíocht in imeachtaí agus tionscadail a bhíodh ar siúl roimh COVID. I gcomhthéacs mhodúl samplach bunscoile 'Cuir fáilte roimh theangacha', tháinig méadú ar líon na scoileanna, líon na scoláirí, líon na dteangacha, líon na seachtainí agus mhothaigh muid an t-áthas agus bród a thaispeáin na páistí nuair a d'fhoghlaim siad rud éigin nua faoi theangacha agus faoi chultúir a chéile. Bhí breis agus 15,000 scoláire idirbhliana ó 180 scoil timpeall na tíre páirteach in #Think Languages, rud arbh ionann agus méadú 25% sa rannpháirtíocht.

Críochnaigh an chéad sraith cur i bhfeidhm do theangacha nua, agus fuarthas aiseolas dearfach ó scoileanna agus tuismitheoirí, fuair scoláirí torthaí maithe agus rinneadh dul chun cinn maidir le himeascadh múinteoirí i scoileanna.



Chonaic muid torthaí i scaipeadh na tacaíochta don Pholainnis, le méadú go 35 ar líon na scoileanna a chuireann Polainnis ar fáil. D'fhás an fhoghlaim chumaisc don tionscadal Polainnise ón rannpháirtíocht tosaigh de 4 scoil CMETB, múinteoir amháin agus 16 scoláire, go 6 scoil CMETB, beirt mhúinteoirí agus 46 scoláire. Ó cuireadh deireadh le srianta, thosaigh cuairteanna scoile arís, tháinig Cúntóirí Teangacha Iasachta Seapáinise ar ais, agus bhuail muid le roinnt dár múinteoirí, gan mhasc, den chéad uair. Tháinig méadú ó 19 go 29 ar líon na ranganna Sathairn a chuireann TIBÉ ar fáil do scoláirí, nach féidir leo teacht ar theangacha ina gcuid scoileanna féin.

Tosaíodh ar sheisiúin chomhairliúcháin do Nuatheangacha Iasachta, chun tacú le scoileanna a soláthar a fheabhsú, a leathnú agus a éagsúlú. Scaipeadh ILAOS, uirlis don fhéinmheasúnú agus tacaíocht d'éagsúlacht idirchultúrtha agus teangacha i scoileanna, le físeán a thaispeánann eispéireas scoile á húsáid, agus Pobal Cleachtais nua. Cuireadh an scéim leabharlann chun cinn trí theacht agus trí láithreacht mhuintir na hÚcráine, agus bhí ranganna Úcráinise ag am lóin, agus ranganna Úcráinise Oíche Chultúir. Chuir muid amach 9,331 mata teanga chun tacú le scoláirí ón Úcráin teacht ar theanga an ranga, agus fuair muid fiosruithe fúthu seo ó áiteanna i bhfad i gcéin, amhail an Íoslainn, an Danmhairg, SAM agus Ceanada.

Tá an fhoireann fós ag léiriú teacht aniar ollmhór i rith an ama seo. Ní fhéadfaimid é sin a dhéanamh gan ár bhfoireann leathan, ar a bhfuil ár gcomhlaigh, múinteoirí agus tusa, na páirtithe leasmhara. Tá ardluach ag gach duine againn ar do thacaíocht agus ar do chomhoibriú. Táimid ag súil le bualadh leat agus le hoibriú leat i gcomhthéacs an athbhreithniú eatramhach ar Languages Connect – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn agus an comhairliúchán a bhaineann leis, ag díriú arís ar thábhacht ár nasc agus ár gcomhoibriú.


Go raibh maith agat as an tuairisc bhliantúil a léamh.

Karen Ruddock

Karen Ruddock

Stiúrthóir TIBÉ/PPLI

Is é an aidhm atá ag **Sprioc 1** de Languages Connect, *Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn ná* ná timpeallacht foghlama níos tarraingtí a chruthú. Tacaíonn TIBÉ le cur i bhfeidhm na haidhme trí Pobail Cleachtais a éascú; trí thraenáil agus tacaíocht don scéim Cúntóir Teangacha Iasachta; áiseanna a fhorbairt chun tacú le cleachtas ranga agus le forbairt ghairmiúil mhúinteoirí; cur chun cinn soghluaiseachta; agus forbairt agus feabhsú soláthar Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha.





SPRIOC 1

CUMAS TEANGA A FHEABHSÚ TRÍ THIMPEALLACHT FOGHLAMA NÍOS TARRAINGTÍ A CHRUTHÚ

Traenáil do Chúntóirí Teangacha Iasachta agus Múinteoirí Comhoibrithe

Gníomh 1.C.3

49 scoil | 309 CTI agus MC cláraithe | 19 n-ionad

Léargas Ginearálta:

Tugann TIBÉ tacaíocht do mhúineadh agus d'fhoghlaim do Chúntóirí Teangacha Iasachta (FLA) agus a gcuid Múinteoirí Comhoibrithe (CT). Tugann TIBÉ tacaíocht agus eolas ag imeachtaí cuí, amhail ionduchtú FLA, do scoileanna a chuireann isteach iarratas a bhfuil rath air, agus tar éis cuireadh a fháil, do na hinstitiúid/hambasáidí chultúrtha dá dtraenáil dírithe ar chúntóirí teangacha iasachta.



Príomhaidhmeanna::

- Eispéireas le múineadh agus le foghlaim d'ardchaighdeán do scoláirí agus do scoileanna a bhfuil seirbhísí CTI don scoilbhliain – é seo a chur ar fáil.
- Cuir chuige múineadh agus foghlama a chur ar fáil a chuireann le timpeallacht foghlama tarraingteach, amhail cluichí agus rólimirt.
- Na torthaí foghlama is fearr a chinntiú do scoláirí, trí rath agus nuálaíocht i gcleachtais múineadh agus foghlama a phleanáil agus a spreagad

Gníomhaíocht:

Rinneadh tuilleadh ullmhúcháin i rith na bliana, chun fáilte a chur roimh na cúntóirí nua teangacha iasachta in 2022-23 agus chun tacú lena n-imeascadh i saol na scoile in Éirinn. I mí Mheán Fómhair 2022, chláraigh 309 CTI agus MO don chéad bhabhta de seisiúin tacaíochta i láthair go pearsanta. Ag na seisiúin, d'fhéach na rannpháirtithe ar smaointe chun comhoibriú a fhorbairt agus chun pleanáil don scoilbhliain romhainn. Ba iad oifigigh agus comhlaigh TIBÉ a chuir na seisiúin ar fáil, in 19 n-ionad trasna na tíre thar thréimhse dhá sheachtain i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Chuir TIBÉ tacaíocht ar fáil ag ionduchtú na CTI na Roinne Oideachais, ag soiléiriú mar ab fhéidir cuidiú le CTI ina gcuid cleachtais múinte agus foghlama. Ar iarratas ó ambasáid na Fraince, tugadh tacaíocht do chúntóirí teangacha Fraincise, trí léargas a thabhairt ar chóras oideachais na hÉireann.

Trí 2022, thacaigh TIBÉ leis na CTI agus MO. Nascadh gach CTI le comhlach TIBÉ i nDeireadh Fómhair 2022 chun tacú leo fad a bheidh siad rannpháirteach sa scéim. Thacaigh na comhlaigh leis an CTI le ceisteanna faoi mhúineadh agus faoi fhoghlaim. Ligeann an nasc seo do CTI dul i dteagmháil le comhlach ainmnithe aon uair chun tacaíocht agus treoir a fháil.

Tionchar:

Ar an iomlán, in 2022, bhí ar chumas TIBÉ tacaíocht shonrach a thabhairt do scéim na CTI, ag cuidiú le múinteoirí, CTI agus scoileanna sa phróiseas iontrála, ina gcuid ullmhúchán do theacht na CTI, agus trí chur le forbairt ar na cleachtais i múineadh agus foghlaim éifeachtach comhoibrithe, mar a eascraíonn as rannpháirtíocht an CTI i saol na scoile.

Roinnt aiseolais ó rannpháirtithe maidir le seisiún Dheireadh Fómhair 2022:

Bealach álainn chun bualadh le múinteoirí teanga eile agus chun nascadh le cúntóirí sa réimse. Cuireadh an cúrsa i láthair ar bhealach croíúil, cairdiúil.'

Ionad Oideachais Áth Luain

'Shíl mé go raibh sé úsáideach do MC agus do CTI iad féin a chur in áit duine i rith ceann de na tascanna, don dá thaobh tuiscint níos fearr a fháil ar na rólanna, agus a bheith feasach ar aon fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn i rith na bliana. Sílim go mbíonn sí níos fearr aghaidh a thabhairt orthu sula dtarlaíonn siad!'

Ionad Oideachais Dhroim Conrach

'Tá sé go maith smaointe praiticiúla a fháil. Bhí an seisiún spreagúil domsa mar CTI chomh maith.'

Ionad Oideachais Loch Garman

'Áisitheoirí an-mhaith. Cásanna an-mhaith do mhúinteoirí agus CTI araon.'

Ionad Oideachais na Gaillimhe

'Bhí atmaisfeár álainn taitneamhach ann , go háirithe tar éis lá iomlán oibre. Go raibh maith agat as na moltaí iontacha. Bhí sé an-chabhrach smaointe a mhalartú.'

Ionad Oideachais Mhuineacháin





An chéad chéim eile

- Cruinniú leis na páirtithe leasmhara chun súil a choinneáil ar dhul chun cinn na scéime i rith na scoilbhliana go dtí seo (Eanáir 2023)
- Tabhairt isteach seisiún tacaíochta 2 do CTI-MC (Eanáir-Feabhra 2023)
- Athbhreithniú ar líon na seisiún agus ar líon na dtacaíochtaí chun a chinntiú go bhfuil go leor ann
- Forbair naisc teagmhála agus malartaithe féideartha le scoileanna i gceantar dúchais an CTI.
- Cuir seisiún eolais ar fáil do scoileanna a bhfuil rath orthu (Bealtaine 2023)

5 thuairisc

Achoimre:

Taispeánann Spotsolas ar Scoileanna an cleachtas is fearr de Nuatheangacha Iasachta (NTI), de ranna agus de mhúinteoirí ó gach cearn den tír. Leagtar gach spotsholas amach go praiticiúil chun na cleachtais is fearr a chur chun cinn.

Príomhaidhmeanna:

- Roinnt den sárobair atá ar siúl in oideachas NTI i scoileanna na hÉireann a chur os comhair an phobail.
- Na cleachtais is fearr a roinnt i bpobal na múinteoirí NTI
- Múinteoirí NTI a spreagadh chun foghlaim ó chéile
- Tacaíocht do mhodheolaíochta nuálaíocha múinte a spreagadh agus a scaipeadh.

Gníomhaíocht:











Cuireadh cúig smaoineamh éagsúla chun cinn i Spotsolas ar Scoileanna i rith 2022:

1. **Malartú smaointe ar Theorainneacha ag Meánscoil Shliabh Chairmeil, Baile Átha Cliath**
   Malartú teanga idir scoláirí ó Éirinn agus cainteoirí dúchais ón bhFrainc, agus scileanna díospóireachta agus teanga ó bhéal in úsáid acu.

2. **Malartuithe Fíorúla ag Coláiste na Toirbhearta, De La Salle, Muine Bheag, Ceatharlach**
   Malartuithe fíorúla ó CTDLS Muine Bheag le scoileanna in Cuxhaven agus Kassel, sa Ghearmáin. Bhí páirtí sa scoil mhalairte ag gach scoláire agus rinne siad teagmháil le chéile i litreacha lámhscríofa. Chuaigh na scoláirí i ngleic leis an teanga agus cultúr ar bhealach spraíúil, ag cur aithne ar a chéile agus ag éirí muiníneach.

3. **Éagsúlú agus cuimsiú sa rang NTI ag Coláiste Merlin, Gaillimh.**
   Chuaigh múinteoir i gColáiste Merlin i nGaillimh, i ngleic le héagsúlú agus le cuimsiú sa rang NTI trí ghníomhaíochtaí fiúntacha a chruthú d'fhoghlaimeoirí teanga ó chúlraí éagsúla: oidhreacht agus ab initio.

4. **Tóraíocht Taisce mar Ghníomhaíocht Scoile uile Feasachta ag Coláiste Pobail na Ciseoige, Baile Átha Cliath.**
   Thug sé seo deis do gach scoláire sa scoil dul i ngleic le Sínis, chun a scileanna a chur chun cinn agus chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid scileanna trí bheith páirteach, mar eagraithe agus mar áisitheoirí imeachta.

5. **Labhraímis Úcráinis ag Coláiste Chnoc an tSamhraidh, Sligeach**
   Cur chuige scoile uile chun foghlaim teanga agus cultúrtha a éascú. Ag an am céanna, cruthaíodh timpeallacht fháiltiúil chuimsitheach do na scoláirí nua ón Úcráin.

Tionchar:

- Exemplars of best practice are available for teachers to support self-led CPD
- Positive feedback from the MFL teacher community and beyond

An chéad chéim eile:

- Showcase additonal Spotlight on Schools planned in 2023
- Extend the showcase to best practice in the primary context, e.g., the Primary sampler language module













54 Múinteoir ITBÉ

Achoimre:

In 2022, chuir TIBÉ tacaíocht leanúnach ar fáil do mhúinteoirí nuatheangacha agus teangacha tearctheagasctha. Tugadh traenáil FGL isteach arís, agus san áireamh ann bhí ceardlanna praiticiúla chun dul i ngleic níos fearr le múinteoirí. Reáchtáladh roinnt seisiún FGL ar líne freisin chun múinteoirí ar fud na tíre a mhealladh chun a bheith páirteach. Chumhdaigh na seisiúin seo ábhair a thugann dúshlán coitianta maidir leis na curaclaim teangacha éagsúla a chur ar fáil.

Príomhaidhmeanna:

- Caighdeán an tsoláthar teangacha a feabhsú agus a choinneáil
- Tacú le tabhairt isteach na sonraíochtaí nua teanga don Ardteistiméireacht
- Tacú le riachtanais múinteoirí maidir le FGL, comhoibriú le piaraí agus folláine
- Múinteoirí a ullmhú chun ranganna teanga a chur ar fáil i láthair go pearsanta, ar líne agus ranganna cumaisc

Gníomhaíocht:

Tacaíocht do theangacha nua (Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis agus Mandairínis)

Chuir TIBÉ an chéad timthriall tacaíochta i gcrích do na teangacha nua Ardteistiméireachta in 2022.

Tá tuiscint dhomhain ar an gcuraclam nua ag múinteoirí fostaithe ag TIBÉ, agus tá modheolaíochtaí bunaithe acu atá oiriúnach dá gcomhthéacs teagaisc.

Tacaíocht do theangacha tearctheagasctha

In 2022, lean TIBÉ ar aghaidh ag cur clár FGL ar ardchaighdeán ar fáil trí chreatlach fadbhunaithe, le ceithre chéim tacaíochta. Rinne múinteoirí na ceithre chéim tacaíochta, san áireamh ann:

1. FGL ar theoiric agus oideolaíocht
2. Cleachtadh agus breathnú ranga
3. Machnamh agus meantóireachta
4. Dea-chleachtas a roinnt trí Spotsolas ar Scoileanna agus trí Tacaíocht do Phobail

Chleachtais do ranganna ar líne agus foghlaim chumaisc

Chun iniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí eile soláthar teangacha, thosaigh TIBÉ scéimeanna phíolótacha d'fhoghlaim chumaisc agus soláthar teangacha ar líne araon. Cuirfear an chéad timthriall den scéim phíolótach i gcrích in 2023.

Chun tacú níos fearr le múinteoirí i dteagasc agus forbairt an dá mhúnla nua, d'eagraigh TIBÉ dianseisiúin FGL chun tacú le pleanáil curaclaim, agus FGL leanúnach agus cruinnithe don oideolaíocht agus cúnamh teicneolaíochta, atá de dhíth ar mhúinteoirí.

Tionchar:

- Tá an t-aiseolas ó na daoine atá fostaithe ag TIBÉ thar a bheith dearfach, tugann na seisiúin deis chun smaointe a roinnt agus chun muinín a fheabhsú

'Bhí sé an-chabhrach dom struchtúr eagraíochtúil na ranganna a bheith ar eolas agam mar mhúinteoir nua. Tá níos mó muiníne agam anois as an gcur chuige ba chóir dom a úsáid do chodanna éagsúla de mo rang. Ach cuirfidh mé ceist má tá tuilleadh ceisteanna agam.'

'Bhí sé an-deas bualadh leis na múinteoir ar fad ag an FGL. Tá mé ag súil le bualadh leo arís. Go raibh maith agat as na seisiúin iontacha.'

'Go raibh maith agat as na cruinnithe a eagraíodh go foirfe, as an traenáil úsáideach agus as an deis bualadh le múinteoirí le teangacha agus cultúir éagsúla.'

An chéad chéim eile:

- Do mhúinteoirí nua, lean leis an tacaíocht d'fheidhmiú múinteoirí
- Do mhúinteoirí le 3 bliana seirbhíse nó níos mó, méadaigh sciar de FGL féinstiúrtha, agus cuidigh le forbairt saineolais múinteoirí i réimse faoi leith spéise
- Lean ar aghaidh ag spreagadh breathnú piaraí agus roghnú an traenáls atá ar fáil i scoileanna agus eile







4 comhdháil de chuid Gréasán Gairmiúil Múinteoirí (GGM/TPN)

200 múinteoir

Léargas ginearálta:

Oibríonn TIBÉ le go leor páirtithe éagsúla leasmhara chun tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí inseirbhíse Nuatheangacha Iasachta ar fud na hÉireann. Mar aon le forbairt ghairmiúil leanúnach a ofráil, oibríonn TIBÉ i gcomhar leis na Gréasáin Ghairmiúla Múinteoirí i Nuatheangacha Iasachta in Éirinn.

Príomhaidhmeanna:

Tacú le soláthar teangacha i scoileanna, agus iad a fheabhsú, trí dul i ngleic le múinteoirí inseirbhíse, agus trí na tacaí agus na háiseanna atá ar fáil ó TIBÉ a scaipeadh.

Gníomhaíocht:

In 2022, dhírigh TIBÉ ar scaipeadh ár n-áiseanna, bileoga eolais a scaipeadh agus seisiúin eolais a chur ar fáil ar bhealaí inar féidir le TIBÉ tacú le múinteoirí inseirbhíse maidir le teagasc agus foghlaim teangacha. Rannpháirtíocht i bPobail Chleachtais, úsáid an suíomh gréasáin 'Súil Idirchultúrtha ar Ár Scoileanna' agus dul i ngleic leis na háiseanna atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin – spreagadh iad seo ar fad chun a chinntiú go raibh múinteoirí inseirbhíse ar an eolas faoin tacaíocht atá ar fáil.

D'fhreastail ar na hócáidí seo agus rinneadh cuir i láthair:

- Cumann na Múinteoirí Spáinnise Dé Sathairn 8 Deireadh Fómhair 2022
- Cumann na Múinteoirí Fraincise Dé Sathairn 15 Deireadh Fómhair 2022
- Cumann na Múinteoirí Gearmáinise Dé Sathairn 12 Samhain 2022
- Cumann na Múinteoirí Iodáilise Dé Sathairn 26 Samhain 2022

An chéad chéim eile:

- Lean ar aghaidh ag dul i gcomhairle leis na Gréasáin Ghairmiúla Múinteoirí chun a chinntiú gur leor na tacaíochtaí, gur cuí iad, agus go n-úsáidtear go héifeachtúil iad
- Lean ar aghaidh léargais a fháil ar dhúshláin nua nó leanúnach atá roimh múinteoirí inseirbhíse, agus smaoineamh ar thacaí breise is féidir a fhorbairt
- Lean ar aghaidh ag scaipeadh áiseanna agus tacaí, atá ar fáil taobh istigh den phobal teagaisc NTI



French Teacher's Association (FTA)



German Teacher's Association (GDI)



Spanish Teacher's Association (ATS)





1,542 scoláire páirteach

Léargas ginearálta:

I gcomhar le Oilimpiad Teangeolaíochta Uile-Éireann de chuid ADAPT, forbraíodh modúl teangeolaíochta don idirbhliain. Bhí 10 dtopaic sa mhodúl, ina masc fuaimeanna, córais scríbhneoireachta, sealbhú teanga agus aistriúchán meaisín.

Príomhaidhmeanna:

- Blaiseadh den teangeolaíocht a thabhairt do scoláirí dara leibhéal
- Muinín na scoláirí a fheabhsú, scoláirí a inspreagadh chun smaoineamh ar an réimse iontach slite beatha a bhaineann le teanga, ríomhaireacht agus teangeolaíocht

Gníomhaíocht:

D'fhorbair ADAPT na háiseanna agus ábhair tosaigh. San áireamh ann, bhí ceardlanna cruthaithe le chéile le trí scoil. Ba í aidhm an cheachta seo ná a chinntiú go raibh na hábhair suimiúil agus oiriúnach do ghrúpaí cumaisc mheasctha. Cuireadh aiseolais na scoláirí san ábhar agus tugadh an t-ábhar chun críche. Rinneadh formáidiú ar na hábhair agus uaslódáladh iad go suíomh gréasáin TIBÉ.

Glacann gach topaic thart ar dhá rang nó trí cinn le cur i gcrích (ag brath ar fhad na ranganna – uair an chloig nó 40 nóiméad).

I ngach topaic tá:

- Buneolas ar an topaic
- Naisc go ranganna teanga
- Tasc gairid tiomáinte ag scoláirí le treoir ón múinteoir
- Puzal teangeolaíochta (nó ar líne trí AILO chun torthaí a fháil láithreach)

Scaip ADAPT agus TIBÉ eolas faoin modúl ar líne idir Eanáir agus Bealtaine 2022. Bhí seisiún eolais do mhúinteoirí ar siúl i mBealtaine. Scaipeadh tuilleadh eolais trí shuíomh gréasáin agus meáin shóisialta TIBÉ agus ag imeachtaí amhail Comdhálacha de chuid Gréasáin Ghairmiúla Múinteoirí.

Tionchar:

- Tacaíonn an tionscadal seo le scoláirí tuiscint níos doimhne ar theangeolaíocht a fhorbairt
- Aithníonn scoláirí agus múinteoirí naisc shoiléire idir teangeolaíocht, feasacht teanga agus a bhfoghlaim teanga féin, agus tá muinín breise acu ag dul i ngleic le fadhbanna teanga.

'An-éasca le húsáid, an-phraiticiúil do mhúinteoirí – go leor am ullmhúcháin sábháilte! Baineann scoláirí an-sult as!'

An chéad chéim eile:

- Déan athbhreithniú ar an tionscadal ag deireadh na scoilbhliana 2022-23.
- Déan plean do thuilleadh scaipeadh chun líon na scoileanna a chuireann an modúl ar fáil a mhéadú.

Comhoibriú le Soláthróirí Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM/ITE)

Gníomh 1.C.1
1.C.11



3 Sholáthróir OTM

Léargas ginearálta:

Tá TIBÉ tar éis oibriú ar chomhoibriú le soláthróirí Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) agus le mic léinn atá ag ullmhú le bheith ina múinteoirí teanga.

Príomhaidhmeanna:

- Cuir múinteoirí réamhsheirbhíse ar an eolas faoi obair agus tacaíochtaí a chuireann TIBÉ/PPLI ar fáil
- Déan áiseanna agus tacaíochtaí le haghaidh dea-chleachtais agus le haghaidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach éasca le teacht orthu

Gníomhaíocht:

I rith 2022, chuir TIBÉ aoi-léachtóirí agus seisiúin traenála ar fáil do réimse scoláirí:

- Ollscoil Mhá Nuad, scoláirí sa chéad bhliain den MGO: Léargas ginearálta ar chláir OTM
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, scoláirí sa cheathrú bliain de Bhaitsiléir Oideachais i dTeangacha: straitéis Languages Connect agus forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí teanga
- Coláiste na Tríonóide, scoláirí sa chéad bhliain den MGO: Teicneolaíocht digiteach in Oideachas Teangacha

Tionchar:

- Daoine ar an eolas faoi mhodheolaíochtaí faoi leith agus áiseanna don teagasc agus don fhoghlaim, agus tuiscint orthu.
- Naisc bunaithe do mhúinteoirí teanga sa todhchaí agus fóraim roinnte le haghaidh comhoibrithe amach anseo

An chéad chéim eile:

- Téigh i ngleic le soláthróirí OTM
- Spreag múinteoirí réamhsheirbhíse ballraíocht a bhaint amach ina bPobal Cleachtais áitiúil

Pobal Cleachtais Nuatheangacha Iasachta (NTI)

Gníomh 1.C.5

Breis agus 50 Pobal Cleachtais

250 Múinteoir i láthair

Léargas ginearálta:

Cruinnithe múinteoirí, a bhfuil suim choiteann i dteangacha agus i múineadh teangacha acu, a thagann le chéile go rialta chun dea-chleachtais a roinnt, chun eolas nua a chruthú agus chun smaointe a mhalartú. Sin atá i gceist le Pobail Chleachtais TIBÉ.

Éascaíonn TIBÉ PC in 18 gceantar in Éirinn, trí chomhoibriú le hIonaid Oideachais agus scoileanna áitiúla.

Braitheann gníomhaíochtaí gach Pobal Cleachtais ar na rannpháirtithe agus tá siad bunaithe ar chóimheas agus muinín, rud a spreagann fonn roinnte smaointe, fonn dúshláin a phlé, ceisteanna a chur, éisteacht le daoine eile agus fadhbanna a réiteach.







Príomhaidhmeanna:

- Pobail réigiúnacha múinteoirí NTI a bhunú agus a thógáil in Éirinn
- Spás a éascú chun go dtiocfaidh múinteoir í NTI le chéile ann chun dea-chleachtais a roinnt

Tionchar:

- Líonrú mhúinteoirí NTI, rud a thugann deiseanna roinnte agus comhoibrithe
- Cumarsáid fhiúntach ar ábhair a bhfuil suim ag réigiúin faoi leith iontu

Gníomhaíocht:

- D'éascaigh Oifigigh Oideachais agus Comhlaigh TIBÉ PC i láthair go pearsanta in 18 gceantar ar fud na hÉireann
- Eagraíodh trí sheisiún, go garbh, i ngach ceantar
- Bunaíodh pobail chleachtais nua, dírithe ar Chúntóirí Teanga Iasachta agus ILAOS (Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna) agus bhí freastal maith orthu
- Leathnaíodh Pobail Chleachtais , dírithe ar #ThinkLanguages, go 4 sheisiún thar thréimhse coicíse

An chéad chéim eile:

Déan iniúchadh ar mhúnla measctha de chruinnithe i láthair go pearsanta agus ar líne chun freastal ar riachtanais na gceantracha éagsúla

'Ní raibh mé ag iarraidh teacht anocht ach tá áthas orm gur tháinig. Uaireanta mothaím go bhfuil mé ag treabhadh m'iomaire féin, ach fuair mé mo chuid fuinnimh ar ais ó na smaointe nua go léir atá le triail agam anois'

C. McCarth



Ag tacú le Forbairt Chumas Náisiúnta trí Chomhlaigh TIBÉ

Gníomh 1.C.11

15 Comhlach TIBÉ

Léargas ginearálta:

Is múinteoir cláraithe teanga dara leibhéal iad comhlaigh TIBÉ, ó gach cearn den tír, a thacaíonn le TIBÉ le cur i bhfeidhm roinnt príomhghníomhartha i Straitéis Languages Connect.

Cuidíonn na Comhlaigh le cur chun cinn teangacha ina gceantar chun tionchar TIBÉ a leathnú.

Éascaíonn Comhlaigh TIBÉ Pobail Chleachtais NTI, tugann siad traenáil do chúntóirí teanga ag leibhéal grúpa agus aonair, déanann siad meantóireacht do mhúinteoirí teangacha nua, agus freastalaíonn siad ar imeachtaí a eagraíonn TIBÉ.

Faigheann na Comhlaigh tacaíocht agus FGL ionas gur féidir leo a bheith breá ábalta tacú le riachtanais múinteoirí.



Príomhaidhmeanna:

- Uasoiltear Comhlaigh TIBÉ chun tacú le cur i gcrích a gcuid oibre agus chun tacú le múinteoirí NTI ina gceantracha.
- Tacaíonn Comhlaigh TIBÉ le hobair TIBÉ agus tá sé mar aidhm acu a bheith ina gceannairí maidir le dea-chleachtas, trína gcuid eolais agus eispéireas a roinnt ag comhdhálacha Pobail Cleachtais, agus ag comhdhálacha Líonraí Múinteoirí Gairmiúla.
- Tá dlúthcheangal idir Comhlaigh TIBÉ agus foireann láir TIBÉ chun aiseolas a thabhairt ón seomra ranga agus chun comhairle a thabhairt maidir leis an mbealach is fearr nascadh le scoileanna.

Gníomhaíocht:

I mbliana, uasoileadh baill nua den fhoireann chomhlach i meantóireacht múinteoir i dteangacha atá ar an gcuraclaim den chéad uair. Ofráileadh uasoiliúint i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF/UDL), agus chuaigh roinnt comhlach i ngleic le foghlaim ar líne i réimsí Foghlaim Chumaisc agus Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga.

D'éascaigh gach comhlach Pobail Chleachtais ina gceantair agus chuir traenáil ar fáil do chúntóirí teangacha iasachta agus Múinteoirí Comhoibrithe.

Tá roinnt comhlach anois ina gceannairí i réimsí éagsúla d'obair TIBÉ agus chuir siad obair spriocdhírithe ar fáil ar Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teangacha, #ThinkLangauges agus Foghlaim Chumaisc.



Tionchar:

Cuireann obair na gcomhlach TIBÉ le hobair TIBÉ agus forbraíonn sé naisc le múinteoirí NTI ar fud na tíre.

An chéad chéim eile:

- Leanfar le forbairt na foirne comhlach agus leathnófar é chun tacú le cur i bhfeidhm leanúnach na straitéise.
- Leanfar le forbairt seaimpíní ar thionscadail comhlaigh chun cuidiú le daoine a chur ar an eolas agus le huasoiliúint i réimse an tionscadail, ar nós tionscadail Súil Idirchultúrtha ar ár Scoileanna (ILAOS) ar ábhar spriocdhírithe é don bhliain 2023.

2 cheardlann 5 Ionad Oideachais

Léargas ginearálta:

I gcomhthéacs lámhleabhar oideolaíochta a fhorbairt, a mbeadh ranganna teagaisc agus eiseamláir de dhea-chleachtas, cuireadh seimineár gréasáin agus ceardlanna i láthair i gcomhpháirt le hIonaid Oideachais, agus ag Comhdháil Oideachais TFC, chun múinteoirí a spreagadh chun modheolaíochtaí nuálaíocha múinte a úsáid.



Príomhaidhmeanna:

- Lean ar aghaidh ag cur smaointe praiticiúla ar fáil do mhúinteoirí, le húsáid láithreach sa seomra ranga
- Tóg ar lámhleabhar oideolaíochta a léiríonn riachtanais reatha agus a fhreagraíonn iarratais ó mhúinteoirí

Gníomhaíocht:

I gcomhar le hIonaid Oideachais agus TFC san Oideachas, eagraíodh ceardlanna aghaidh ar aghaidh agus seimineáir ghréasáin ar líne: rinneadh struchtúrú ar seisiúin Teicneolaíochta Digiteacha thart ar thaispeántas den uirlis fhéinmheasúnaithe, agus ansin cleachtadh ag múinteoirí.

Rolladh amach na ceardlanna agus seimineáir ghréasáin ar uirlisí digiteacha le béim ar uirlis amháin sa seisiún, chun ligean do mhúinteoirí dul i ngleic leis an uirlis agus foghlaim fúithi i rith an tseisiúin.

Tionchar:

Tugtar tacaíocht do mhúinteoirí maidir lena riachtanais láithreacha, agus bíonn deis acu ceardlanna a iarraidh amach anseo. Tugann an uirlis féinmheasúnaithe, Digi Tech, próifíl curtha in oiriúint do gach múinteoir, bunaithe ar a gcumas digiteach. Aibhsíonn sé réimsí d'fhorbairt phearsanta sa todhchaí.



An chéad chéim eile

- Bailigh aiseolais agus déan athbhreithniú ar shuíomh Digi Tech

Digi Tech for Languages

Scéim do Mhúinteoirí Spáinnise ar cuairt

Gníomh 1.D.1

Chuir 12 iar-bhunscoil isteach air | Tugadh áit do 3 mhúinteoirí

Léargas ginearálta:

Is fiontar idir an Roinn Oideachais in Éirinn agus an Aireacht Oideachais agus Cultúir sa Spáinn í Scéim do Mhúinteoir Spáinnise ar cuairt. Tá rath ar an gclár seo i ndlínsí éagsúla le blianta fada anois agus is í an bhliain 2022-23 an dara bliain don chlár in Éirinn.

Príomhaidhmeanna:

- Tabhair aghaidh ar easpa múinteoirí cáilithe Spáinnise in Éirinn
- Tacaigh leis an gcuraclaim i scoileanna in Éirinn trí fholúntais do mhúinteoirí Spáinnise a líonadh le oidí ardcháilithe Spáinneacha
- Tabhair deis do scoláirí in iar-bhunscoileanna in Éirinn bualadh le daoine ó chultúir eile, cumarsáid a dhéanamh leo, iad a thuiscint agus meas a léiriú orthu.
- Tacaigh le scoileanna agus iad ag forbairt caidreamh agus mhalartuithe le scoileanna na múinteoirí Spáinnise ar cuairt

Gníomhaíocht:

D'oibrigh TIBÉ i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Consejería de Educación agus iad ag roghnú múinteoirí agus scoileanna. Chuir scoileanna agallaimh ar iarrthóirí ón ngearrliosta, agus cheap siad an iarrthóir is fearr a mheaitseáil a gcritéir roghnaithe. Thug TIBÉ clár ionduchtaithe do na múinteoirí agus thacaigh siad leo leis an bpáipéarachas riachtanach. Anuas air sin, tacaíonn TIBÉ le múinteoirí ar cuairt i rith na scoilbhliana ina gcuid scoileanna óstacha.

Fágann an ghéarchéim lóistín reatha go raibh sé an-dúshlánach áit chónaithe a aimsiú, rud a raibh tionchar aige ar rath na scéime in 2022.

Tionchar:

Tá an t-aiseolas ó scoileanna an-dearfach agus táimid ag súil go leanfaidh suim sa chlár.

An chéad chéim eile

- Leanfaimid le píolótú an chláir don scoilbhliain 2023-24.
- Rachaimid ar cuairt chuig scoileanna chun tuairimí na foirne bainistíochta scoile, agus tuairimí múinteoirí atá rannpháirteach sa chlár, a bhailiú.

Deiseanna soghluaiseachta – Maoiniú do Scéim na Malartuithe Scoile

Gníomh 1.D.1

21 Malartú scoil

9 scoil nua

Léargas ginearálta

Cuireadh maoiniú don Scéim Malartuithe Scoile ar fáil ar dtús in 2018. Cuireadh €5,000 in aghaidh na bliana ar fáil ar feadh trí bliana chun tacú le scoileanna agus chun iad a spreagadh malartuithe nua a bhunú agus chun líon na rannpháirtithe in malartuithe reatha a mhéadú.

Príomhaidhmeanna:

- Scoileanna a spreagadh chun malartuithe nua scoile a bhunú
- Tacú le scoileanna le malartuithe reatha chun rannpháirtíocht sna malartuithe a mhéadú
- Tacú le cláir leanúnacha malartaithe le scoileanna malairte sa sprioctheanga, agus cothaigh iad
- Cinntigh go bhfuil an cleachtas is fearr curtha os comhair an phobail chun scoileanna a spreagadh malartuithe scoile a thosú.

Gníomhaíocht:

Fuair naoi scoil nua maoiniú in 2022. D'eagraigh na scoileanna sin malartuithe go dtí an Bhaváir, an tSeapáin, an Chorsaic, North Rhine-Westphalia, Bourgogne-Franche-Comté, Maidrid, milia-Romagna, Hesse agus Pas-de-Calais. Bhí múinteoirí ábalta tosú ag pleanáil malartuithe arís sa chéad leath de 2022, tar éis srianta na paindéime.




Tionchar:

Bhí eispéireas ag scoláirí a bhí rannpháirteach i malartú scoile i gcóras oideachais eile, le teaghlach óstacha. Rinne siad cairde nua agus tá páirtí malairte acu má tá cuidiú de dhíth orthu leis an teanga. Tríd an bpáirtí malairte a óstáil, bhí scoláirí ábalta a gcultúr a léiriú agus a bheith bródúil as. Bhí deis acu cuairt a thabhairt ar áiteanna in Éirinn nach raibh feicthe acu roimhe, b'fhéidir. Bíonn deis ar leith acu eispéireas a fháil ar an ábhar agus feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga.

An chéad chéim eile

- Lean ar aghaidh ag tabhairt maoinithe chun tacú le scoileanna agus chun líon na scoláirí a théann thar lear a mhéadú
- Pleanáil ceardlanna ar mhalartú a eagrú in 2023, san áireamh ag Cruinniú Mullaigh Languages Connect.



FCÁT – Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teangacha

Gníomh 1.E.3

30 múinteoir uasoilte | 72 áis | Breis agus 600 scoláire páirteach

Léargas ginearálta:

Is cur chuige oideachasúil é FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teangacha) ina ndírítear ar dhá phointe – úsáidtear teanga bhreise chun ábhar agus teanga a mhúineadh.

Tá sé mar aidhm ag tionscadal píolótach TIBÉ, forbairt a dhéanamh ar sholáthar agus cleachtas FCÁT i ranganna NTI in Éirinn, mar aon le feachtas feasachta.

Dearadh FGL agus cuirtear ar fáil é do mhúinteoirí inseirbhíse, agus cuireann sé ar fáil modúl réamhdhéanta FCÁT ar Thrádáil Chothrom, le naisc thraschuraclaim chuig Tíreolaíocht agus Mata, i bhFraincis, Spáinnis, Gearmáinis agus Iodáilis. I measc na háiseanna FCÁT forbartha, tá Cáipéis Tacaíochta Múinteoirí, Bileoga Oibre do Scoláirí agus cuir i láthair PowerPoint, ar féidir le múinteoirí NTI iad a chur i láthair gan saineolas ar an ábhar, mar gheall ar na tacaí céim ar chéim.

Príomhaidhmeanna:

- Iniúchadh a dhéanamh ar chumas FCÁT, agus é mar aidhm é a leathnú i iar-bhunscoileanna
- Múinteoirí inseirbhíse a chur ar an eolas faoi FCÁT, agus cuir áiseanna FCÁT ar fáil dóibh mar aon le FGL ar theoiric FCÁT.
- Tabhair uasoiliúint o mhúinteoirí ar fhorbairt áiseanna FCÁT.
- Cruthaigh mion-líonraí de lucht FCÁT in Éirinn, ar féidir leo nascadh le chéile agus áiseanna FCÁT a roinnt.
- Tá an tionscadal ag iarraidh múnla inmharthanach FGL a chruthú, ar féidir é a fhorbairt agus a leathnú trí dhul i ngleic agus comhoibriú le saineolaithe FCÁT.

Gníomhaíocht:

Earcaíodh múinteoirí NTI inseirbhíse chun páirt a ghlacadh sa dara cuid de thimthriall 1 den FGL maidir le FCÁT. Mar go raibh ró-éileamh air, úsáid critéir faoi leith chun 18 rannpháirtí a roghnú chun páirt a ghlacadh i seisiúin aghaidh ar aghaidh agus ar líne. I rith na seisiún aghaidh ar aghaidh, ghlac múinteoirí páirt i ngrúpaí fócais chun cuidiú le taighde leis an Dr. Céline Healy (Ollscoil Mhá Nuad), chuaigh siad i ngleic le teoiric FCÁT, agus tugadh traenáil dóibh ar áiseanna FCÁT ó TIBÉ a chur i bhfeidhm sa rang. Tugadh ábhair do na múinteoirí ar fad ina n-ábhar sprioctheanga agus tugadh tuilleadh ábhar dóibh (seit léarscáileanna, phóstaeir agus araile) chun cur leis na naisc thraschuraclaim le hábhar FCÁT.

Tugadh cuireadh do rannpháirtithe ón gcuid dheireanach le FGL ar FCÁT, leanúint ar aghaidh leis an tionscadal i dTimthriall 2, a dhírigh ar phleanáil ranga FCÁT agus ar thógáil ar áiseanna. Agus iad ag obair le TIBÉ agus Kevin Schuck (Comhardaitheoir ar FCÁT ECML agus ar thraenáil agus ar fhoireann chomhairleach 'Beyond Pluriliteracies'), thóg na rannpháirtithe teimpléid le chéile, ag tacú lena gcleachtas reatha ceachtanna bunaithe ar FCÁT a dhearadh. D'oibrigh rannpháirtithe ina n-aonar agus i ngrúpaí chun a gcuid áiseanna féin a chruthú.


Mar aon leis an FGL, forbraíodh bileoga eolais d'Fhoirne Bainistíochta Sinsir le scaipeadh ag comhdhálacha FBS. Cuireadh feabhas ar leathanach gréasáin FCÁT de chuid TIBÉ, chun áiseanna FCÁT agus eolas faoin tionscadal píolótach a stóráil air.




Tionchar:

- D'éirigh le roinn NTI i scoil amháin an traenáil ar fad a dhéanamh chun cur chuige iomlán FCÁT a thabhairt do scoláirí idirbhliana don bhliain seo chugainn
- Tá tugtha faoi deara i dtaighde reatha go bhfuil spreagadh breise ag foghlaimeoirí anois agus gur aithníodh baic roimh cur i bhfeidhm FCÁT in Éirinn
- Glacadh le haighneacht ó TIBÉ do chomhdháil idirnáisiúnta, ***FCÁT 2023: Inbhuanaitheacht, Oideolaiocht agus Ceartas Sóisialta.*** Cuirfear i láthair é in Ollscoil Sheffield i Meitheamh 2023.

Cé chomh luachmhar is a bhí FGL ar FCÁT, dar leat?




Cé chomh ábhartha agus a bhí an FGL duit mar mhúinteoir teanga??




Tá mé ag baint an-sult as é seo a theagasc agus is cosúil go bhfuil na scoláirí ag baint an-sult as na ceachtanna, agus leabhraíonn siad níos minice. I gcás na hidirbhliana, áit a mbíonn sé deacair iad a spreagadh, is dóigh liom go bhfuil níos mó suime ná riamh acu ag an am seo den bhliain.

An molfá an FGL do mhúinteoirí NTI eile?



Cén seans atá ann go roinnfidh tú an t-eolas a d'fhoghlaim tú le comhghleacaithe NTI?



I ndáiríre, is é seo an FGL is fearr ar ar fhreastail mé le blianta.

Tá mé fiú tar eis na nithe a d'fhoghlaim mé a chur i bhfeidhm ar bhealaí i mo rang sinsearach Fraincise, nuair is féidir liom.

An chéad chéim eile

- Lean le rannpháirtithe an dá chuid den FGL ar FCÁT, agus ag an am céanna grúpa nua a earcú an bhliain seo chugainn
- Bunaigh mionlíonraí de chleachtóirí FCÁT in Éirinn, a bheadh ábalta nascadh le daoine eile agus áiseanna FCÁT a roinnt

Sprioc 1: Ag dul chun cinn

Is gá iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht na cláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí a leathnú chun soláthar Spáinnise agus soláthar na teangacha tearctheagasctha agus teangacha nua curaclaim a mhéadú. Mar aon leis sin, i gcomhthéacs géarchéim soláthar na múinteoirí, bheadh sé úsáideach iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar rochtain ar chláir oideachas múinteoirí do chainteoirí dúchais na dteangacha curaclaim.

Tá rannpháirtíocht mhaith múinteoirí i bPobail Chleachtais, ach tá gá ag líonraí múinteoirí NTI le daingniú agus is gá go mbeadh níos mó múinteoirí páirteach in gach réigiún. Amach anseo, is gá do chomhoibriú le páirtithe leasmhara béim a chur ar thábhacht agus ar luach na líonraí áitiúla do'fhorbairt ghairmiúil mhúinteoirí. Is gá iniúchadh a dhéanamh ar chóras chun a chinntiú go n-éiríonn na líonraí seo ábalta leanúint ar aghaidh gan chuidiú ón taobh amuigh.

Ba chóir scoileanna a spreagadh chun a bheith rannpháirteach i malartuithe scoile, ach is gá bealaí eile a chruthú chun scoileanna agus múinteoirí a spreagadh chun a bheith páirteach i malartuithe scoile. Sa chomhthéacs seo, b'fhiú iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht staidéar thar lear a aithint mar chuid den Ardteistiméireacht leasaithe. B'fhiú freisin féachaint ar bhealaí chun baic a shárú amhail éagsúlachtaí i gcórais agus i bpróisis in Éirinn i gcomparáid le dlínsí eile, m.sh. maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Is gá ar tosú ar chóras chun FCÁT a thabhairt isteach i mblianta níos luaithe, agus smaoineamh faoi é a chuimsiú le tabhairt isteach teangacha iasachta sa churaclam bhunscoile.

Is gá leanúint le comhoibriú le páirtithe leasmhara, agus é a mhéadú, chun dea-chleachtas a roinnt agus a scaipeadh. Deis iontach a bheadh sa chéad Chruinniú Mullaigh i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun obair chríochnaithe a chur os comhair an phobail agus chun tuiscint a fháil ar fhorbairtí eile a mbeadh gá leo amach anseo.



Tá sé mar aidhm ag **Sprioc 2** éagsúlú a dhéanamh ar na teangacha a fhoghlaimítear, iad a mhéadú, agus teangacha na nua-Éireannach a chur chun cinn. Tá sé seo á thabhairt isteach trí úsáid a bhaint as múinteoirí cuartaíochta; soláthar teangacha nua agus teangacha tearctheagasctha, agus múnlaí éagsúla seachadta á bpíolótú, amhail ranganna roinnte i measc scoileanna, foghlaim chumaisc, gearrchúrsaí, ranganna idirbhliana agus Ardteistiméireachta, agus scoileanna a spreagadh na teangacha a ofrálann siad a éagsúlú trí scéim bhreise leithdháilte. Cuirtear creatlach cuimsitheach FGL agus tacaíochta ar fáil do mhúinteoirí chun cuidiú leis seo.



SPRIOC 2

ROGHNÚ NA dTEANGACHA A FHOGHLAIMÍTEAR A ÉAGSÚLÚ AGUS A MHÉADÚ AGUS TEANGACHA NA nÉIREANNACH NUA A CHOTHÚ

5 iarratas ✔ faofa

Léargas Ginearálta:

Soláthraíonn Scéim Uasoiliúna Múinteoirí Nuatheangacha Iasachta deis do mhúinteoirí NTI uasoiliúint a fháil i dteanga ina bhfuil cáilíocht acu, ach nach bhfuil á múineadh acu faoi láthair (nó nach bhfuil sí á teagasc go hiomlán). Beidh rogha ag na múinteoirí uasoiliúint a fháil i gcúrsa in Éirinn nó thar lear.

Príomhaidhmeanna:

- Cumas cáilithe reatha a chur i bhfeidhm trí mhúinteoirí a uasoiliúint.
- Cumasaigh teanga nua sa scoil nó leathnaigh teanga trí grúpa nó leibhéal nua a thosú.

Gníomhaíocht:

Tá an scéim i bhfeidhm ó 2018. San iomlán, faomhadh maoiniú do 78 múinteoir ó shin. Is iad Fraincis agus Spáinnis an dá theanga is mó a bhfuil tóir orthu do chúrsaí uasoilte. Bhí tionchar áirithe ag an bpaindéim ar an scéim mar go raibh srianta ar thaisteal. Tá an scéim oscailte i gcónaí. Tugann TIBÉ comhairle agus tacaíocht do mhúinteoirí chun cuidiú leo cúrsaí a aithint agus a roghnú.

Tionchar:

- Ba é muinín an toradh ba luachmhar i gcás múinteoirí a rinne cúrsa uasoiliúna.
- Ó bheith ábalta teanga nua a thabhairt isteach sa scoil go forbairt ar chumas teagaisc, sin iad na buntáistí don scoil.

An chéad chéim eile:

Lean ar aghaidh le an scéim in 2023.

Bhí an cúrsa go hiomlán ar líne, rud a d'oir dom mar nach raibh orm taisteal ar chor ar bith.

'Iarradh orm Spáinnis a theagasc i mbliana. Níor mhúin mé le breis agus 20 bliain í, agus mar sin bhí an cúrsa sárluachmhar dom chun muinín a fháil ar ais sa Spáinnis. Bhí áthas ar mo scoil freisin, go raibh ball foirne reatha acu a bhí cáilithe chun Spáinnis a theagasc.'

Scéim Mhaoinithe na Comhairle Múinteoireachta maidir le hEasnamh sna Critéir Chlárúcháin

Gníomh 2.A.3

15 iarratas ✔ 8 faofa

Léargas ginearálta:

Tá creidiúintí ag roinnt múinteoirí i sprioctheanga, ach de bharr easnamh sna critéir riachtanacha don chlárú, ní féidir leo clárú don sprioctheanga sin leis an gComhairle Múinteoireachta. Tá sé mar aidhm ag Scéim Mhaoinithe na Comhairle Múinteoireachta maidir le heasnamh sna critéir chlárúcháin, aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin.

Príomhaidhmeanna:

- Múinteoir, atá beagnach ábalta clárú leis an gComhairle Múinteoireachta, a thabhairt go pointe ina gcomhlíonann siad na critéir chlárúcháin.
- Líon na múinteoirí cáilithe teanga atá ar fáil a mhéadú

Gníomhaíocht:

Tugann TIBÉ maoiniú do chúrsaí chun cur ar chumas múinteoirí suas go 15 chreidiúint a fháil chun easnamh a dhéanamh suas, agus chun clárú mar mhúinteoir teanga leis an gComhairle Múinteoireachta. Tagann an maoiniú i bhfoirm aisíocaíochta, chomh luath agus atá clárú don Chomhairle Múinteoireachta bainte amach don sprioctheanga. Tá an scéim oscailte d'iarratais i gcónaí. Tugann TIBÉ comhairle agus cuireann siad tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí incháilithe chun cuidiú leo cúrsaí a aithint agus a roghnú.

Tionchar:

- Tá clárúchán bainte amach ag beirt mhúinteoirí ó d'oscail an scéim in 2021. Méadaíonn sé seo ar líon na múinteoirí atá ar fáil, agus cumas teagaisc sa chóras agus múinteoirí ag clárú.
- Bhí an t-aiseolas ó mhúinteoirí dearfach, go háirithe i measc múinteoirí a dúirt go bhfuil muinín acu anois.

An chéad chéim eile:

Lean leis an scéim in 2023.

Leithdháileadh Breise do Scoileanna chun tacú le héagsúlú i Soláthar Teangacha Iasachta

Gníomh 2.A.4
2.A.6
2.C.1

12 scoil | 40 classes of students in total

Léargas ginearálta:

San áireamh sa chreatlach seo tá leithdháileadh d'uaireanta breise d'iar-bhunscoileanna a thugann isteach teangacha tearctheagasctha agus teangacha nua iasachta. Don scoilbhliain 2022/23, san áireamh sa leithdháileadh breise tá teangacha curaclaim na hArdteistiméireachta: Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis agus Portaingéilis. San áireamh ann chomh maith tá uaireanta don Iodáilis, Seapáinis agus Rúisis – teangacha nua agus teangacha tearctheagasctha a bhfuil múinteoirí cáilithe cláraithe ar fáil dóibh.

Príomhaidhmeanna:

- Líon na scoláirí a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar theangacha iasachta ar scoil a mhéadú, agus raon na dteangacha a múintear san iar-bhunscoil a éagsúlú
- Scoileanna a chumasú úinéireacht a ghlacadh ar ábhair nua teangacha, rud a chothaíonn forbairt ar inbhuanaitheacht fadtéarma.

Gníomhaíocht:

In 2022, tugadh uaireanta breise do 12 scoil do mhúinteoirí teangacha nua agus do mhúinteoirí teangacha tearctheagasctha. San áireamh ann bhí cúig scoil don Iodáilis, 4 cinn do Sheapáinis, agus scoil amháin i ngach cás do Pholainnis, Rúisis agus Sínis.

Bhí iomlán de 40 rang scoláirí páirteach ar fud na tíre.

I rith na scoilbhliana, thug Oifigigh Oideachais TIBÉ cuairt ar na scoileanna ar fad. Phléigh príomhoidí agus múinteoirí a gcuid riachtanas agus pleananna maidir le inbhuanaitheacht a thógáil agus úinéireacht iomlán a ghlacadh ar sholáthar.

Tionchar:

- D'fhostaigh dhá scoil nua múinteoir do cheann amháin de na teangacha seo den chéad uair: Iodáilis i scoil amháin agus Sínis sa cheann eile.
- I scoileanna a bhí ag baint leasa cheana as leithdháileadh breise, leathnaíodh an tairiscint do bhreis ranganna agus bliainghrúpaí.

An chéad chéim eile:

- Cuir na deiseanna a luaitear i gCiorclán 0006/2020 chun cinn arís
- Lean le tacaíocht spriocdhírithe do scoileanna
- Éascaigh leithdháileadh breise do bhreis scoileanna sa chéad scoilbhliain eile.

Tionscadal Foghlaim Chumaisc: Polainnis na hArdteistiméireachta

Gníomh 2.A.4

6 scoil | 46 scoláire sinsir | 2 mhúinteoirí Polainnise

Léargas ginearálta:

Tá cúrsa i bhfoghlaim chumaisc don Pholainnis ag leibhéal an hArdteistiméireachta curtha i bhfeidhm ag TIBÉ, Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Muineacháin agus H2 Learning, i gceithre scoil BOOCM.

Príomhaidhmeanna:

- Polainnis a chur ar fáil do scoláirí ina scoil trí mhúnla cumaisc. Is ceann de na hábhair nua curaclaim don Ardteistiméireacht í Polainnis.
- Cothromas sa soláthar – rochtain ar ábhar nach mbeadh ag scoláirí murach sin
- Scafláil a ullmhú do na cúrsaí foghlaim chumaisc atá éifeachta, cuimsitheach agus mealltach
- Spreag daoine óga chun cur lena bhforbairt i raon cumas

Gníomhaíocht:

Ag tógáil ar réamhbhlaiseadh Polainnise a raibh rath air, curtha ar fáil ag TIBÉ, cuireadh cúrsa iomlán sinsir ar fáil ó Mheán Fómhair 2021 sna ceithre scoil BOOCM do scoláirí Polainnise. Dearadh an cúrsa do 180 uair thar thréimhse dhá bhliain. San áireamh sna ranganna tá meascán de theagasc ar líne, féinstiúrtha agus aghaidh ar aghaidh i scoileanna a bhí rannpháirteach.

In 2022, d'earcaigh TIBÉ múinteoir breise Polainnise mar gur mhéadaigh líonn na scoileanna agus na scoláirí. Faoi láthair tá 6 scoil agus 46 scoláire páirteach sa tionscadal, méad ó 4 scoil agus 17 scoláire in 2021.

Seoladh físeán, a chuir an múnla foghlaim chumaisc os comhair an phobail, i Márta ag Amharclann an Gharáiste i Muineachán. Bhí scoláirí, múinteoirí, príomhoidí scoile, bainistíocht BOOCM, comhairleoirí áitiúla, Heather Humphreys TD – Aire Forbairt Tuaithe agus Pobail. Bhí Consal Ginearálta Grzegorz Sala i láthair ar son ambasáid na Polainne.

Tionchar:

- Fuair 46 scoláire rochtain ar chúrsa foghlaim chumaisc den chéad uair
- Rinneadh an seachadadh ar líne níos éasca é do scoláirí rochtain a fháil ar sheisiúin foghlaim: léachtaí a thaifeadadh, ábhar ar fáil ar líne, rud a fhágann gur féidir le scoláirí teacht ar an bhfoghlaim ó áit ar bith
- Fuair TIBÉ saineolas agus taithí maidir le modheolaíochtaí foghlaim chumaisc, rud a chuirfidh eolas ar fáil maidir le forbairt cúrsaí foghlaim chumaisc do theangacha eile amach anseo.

Dúirt Aleksandra, scoláire

'ba chóir go mbeadh deis ag gach scoláire Polannach a dteanga oidhreachta a dhéanamh don Ardteistiméireacht, agus ligeann an clár seo duit na ranganna seo a dhéanamh ar scoil'.

- Athrú sa dearcadh faoi oideachas digiteach a bheith mar chuid lárnach den oideachas agus traenáil.

Fergal Boyle, Príomhoide i gColáiste Dhún an Rí

Thug sé ábhar an-oiriúnach do scoláirí Polannacha chun barr feabhais a bhaint amach. Maidir le scileanna ginearálta i ndomhan na hoibre, bheadh sé an-tairbheach do na scoláirí seo.'

Dúirt an tAire Foley:


'Is fógra an-sonrach é seo don ghrúpa seo scoláirí i gCabhán agus Muineachán, a bheidh ar an gcéad ghrúpa chun dul i ngleic leis an gcúrsa nua cumaisc. Is é ár n-aidhm go mbeidh sé seo ar fáil do scoláirí i scoileanna eile agus ligfeadh sé seo do líon suntasach cainteoirí Polainnise litearthacht a choinneáil ina dteanga bhaile. Ba mhaith liom obair Theangacha Iar-bhunscoile Éireann, agus COOCM a aithint i gcur i bhfeidhm an chláir seo, agus tá mé ag súil leis an buntáistí a thugann sé dár scoláirí a fheiceáil.'

An Roinn Oideachais

Preasráiteas, 7 Márta 2022

An chéad chéim eile:

- Lean de fheabhas an tionscadail, bunaithe ar aiseolas ó na scoláirí, na e-mheantóirí agus scoileanna
- Oibrigh go dlúth le scoileanna chun an tionscadal seo a chur chun cinn ag imeachtaí éagsúla agus é a chur chun cinn le páirtithe leasmhara amhail Boird Oideachais agus Traenála, Ag Foghlaim le Chéile, agus mar sin de
- Smaoinigh ar thionscadail nua foghlaim chumaisc do theangacha éagsúla le páirtithe éagsúla



Cóiréis

Gníomh 2.A.4
2.A.6
2.C.1

408 Scoláire 7 scoil



Léargas ginearálta

Is modúil é Cóiréis, a bhfuil tóir air san idirbhliain, atá ar fáil i seacht scoil i mBaile Átha Cliath agus Cill Mhantáin. Tacaíonn TIBÉ le múinteoirí Cóiréise le FGL, traenáil agus seisiúin meantóireachta. Oibríonn TIBÉ freisin le hambasáid na Cóiré chun Cóiréis agus oideachas cultúir a chur chun cinn in iar-bhunscoileanna agus i gcéin.

Príomhaidhmeanna:

- Tabhair rochtain d'iar-bhunscoileanna ar mhodúl Cóiréise na hidirbhliana
- Tabhair deis do scoláirí foghlaim faoin gCóiréis agus faoi chultúr na Cóiré i dtimpeallacht na sprioctheanga agus thart orthu féin
- Cuir lucht na scoile agus an phobail áitiúil ar an eolas faoin gCóiréis agus faoi chultúr na Cóiré

Gníomhaíocht:

In 2022, thug múinteoir Cóiréise ó TIBÉ roinnt ceardlann faoi fhaisean traidisúnta agus nua-aimseartha na Cóiré (m.sh. Hanbok agus éadaigh nua-aimseartha), callagrafaíocht agus saothar ealaíne (m.sh. masc don damhsa traidisiúnta, Hanbok páipéir agus lóchrann), cultúr bia (m.sh. cuisine agus déanamh na Cóiré) agus aoichainteoirí (m.sh. ambasadóir na Cóiré, iarshaighdiúir ó Chogadh na Cóiré) leis an modúl idirbhliana faoin gCóiré a shaibhriú.





Tionchar:

Student comments:

- *'An rud ba mhó ar chuir mé suim ann ná foghlaim faoin gCóiréis agus mar a scríobhtar é'*
- *'An modúl is fearr agus bhí foghlaim Hangeul (aibítir na Cóiréise) mar aon le stair chultúrtha an-suimiúil.'*

An chéad chéim eile:

- Lean le modúil Chóiréise don idirbhliain in 2023

 Maoiniú tugtha do 2 scoil  115 scoláire  1 Rang ar an Satharn  múinteoir amháin

Léargas ginearálta:

Tacaíonn TIBÉ le ranganna Rómáinise chun cur leis an soláthar i scoileanna agus chun scoláirí a spreagadh a máthairtheanga a choinneáil

Príomhaidhmeanna:

- Tacú le soláthar na ranganna Rómáinise in iar-bhunscoileanna, áit a bhfuil líon suntasach scoláirí ón Rómáin.
- Rochtain níos leithne ar Rómáinis a sholáthar trí sholáthar ranganna ar an Satharn do Rómáinis na hArdteistiméireachta

Gníomhaíocht:

Tugadh maoiniú do dhá iar-bhunscoil, ag ligean dóibh ábhair a fháil agus ranganna Rómáinise do 68 scoláirí sinsir. Thug na ranganna seo tacaíocht do scoláirí a bhí ag ullmhú don scrúdú Rómáinise ag leibhéal na hArdteistiméireachta, nach bhfuil ar an gcuraclam. D'fhreastail breis agus 47 scoláire ar na ranganna ar an Satharn a d'eagraigh TIBÉ i mBaile Átha Cliath do Rómáinis na hArdteistiméireacht.

Tionchar:

- Spreagann ranganna Rómáinise ar scoil scoláirí chun a dteanga bhaile a choinneáil agus chun an scrúdú Ardteistiméireachta Rómáinise a dhéanamh, Cé gur ábhar nach bhfuil sa churaclam í Rómáinis, tagann ardú ar líon na scoláirí a fhreastalaíonn ar ranganna Sathairn sa Rómáinis gach bliain.
- Tháinig méadú 40% ar líon na scoláirí a rinne an scrúdú Rómáinise ag leibhéal na hArdteistiméireachta – ó 237 in 2020 go 337 in 2022.
- Tá tuiscint níos doimhne faighte ag scoláirí ar a gcultúir agus traidisiúin dúchais tríd an bhfeabhas a tháinig ar a gcuid scileanna Rómáinise.

An chéad chéim eile:

- Lean den mhaoiniú reatha chun tacú le scoileanna in 20233
- Déan iniúchadh ar líon na ranganna Rómáinise ar an Satharn a mhéadú, mar gheall ar éileamh
- Smaoinigh ar ranganna Rómáinise a chur ar fáil ar líne, i gcomhar le hambasáid na Rómáine.

Seisiúin eolas ar Theangacha Nua Curaclaim do Thuismitheoirí agus Scoláirí

Gníomh 2.A.6

6 sheisiún ar líne 263 rannpháirtí

Léargas ginearálta:

Cuireadh ceithre theanga nua – Polainnise, Portaingéilis, Liotuáinis agus Mandairínis – le curaclam na hArdteistiméireachta in 2020, agus rinne an chéad ghrúpa scoláirí an scrúdú Ardteistiméireachta in 2022. Chun cumarsáid níos fearr a dhéanamh le scoláirí agus a dtuismitheoirí, agus chun tacaíocht a chur ar fáil dóibh, d'eagraigh TIBÉ seisiúin rialta eolais chun na sonraíochtaí teangacha nua a thabhairt isteach, agus rinne siad pleananna chun áiseanna a fhorbairt don phobal tuismitheoirí chun a dteanga bhaile a chothú.

Príomhaidhmeanna:

- Cuir tuismitheoirí agus scoláirí ar an eolas faoin eolas agus tacaíocht a chuireann TIBÉ, agus áisíneachtaí éagsúla, ar fáil
- Tacaigh le tuismitheoirí scoláirí reatha agus féideartha sna teangacha nua curaclaim
- Cuir páirtithe leasmhara ar an eolas faoin bpríomheolas agus faoi na forbairtí sna sonraíochtaí nua, agus dul i ngleic leo
- Forbairt áiseanna chun na teangacha curaclaim a chothú i suíomh baile.

Gníomhaíocht:

In 2022, d'eagraigh TIBÉ sé sheisiún eolais ar líne do thuismitheoirí agus scoláirí sna teangacha curaclaim nua. Chuir na seisiúin tuismitheoirí agus scoláirí ar an eolas faoi na seirbhísí cuí tacaíochta, míniodh an tsonraíocht churaclaim agus cáipéisí tacúla, cuireadh eolas ar an scrúdú stáit ar fáil agus moladh bealaí chun staidéar a dhéanamh ar an ábhar ar scoil agus sa bhaile.

Chuaigh TIBÉ i ngleic leis an bpobal áitiúil, na meáin shóisialta agus ambasáidí cuí chun a chinntiú go raibh tuismitheoirí agus scoláirí cuí ar an eolas faoi na seisiúin eolais..

Chuir TIBÉ le chéile liostaí ceisteanna coitianta do na ceithre theanga (ar fáil ar languagesconnect.ie) chun tacú le tuismitheoirí nár fhreastail ar na seisiúin eolais agus chun pobal níos leithne a chur ar an eolas.

Trí na seisiúin eolais, rinne TIBÉ taighde chun fáil amach faoi riachtanais tuismitheoirí. D'fhorbair siad sraith mataí teanga chun cuidiú le tuismitheoirí a dteanga dhúchais a choinneáil nó a fhorbairt tuilleadh lena bpáistí sa bhaile.

Tionchar:

- Chuir tacaíocht thráthúil ar fáil do thuismitheoirí scoláirí sinsir, agus thug léargais luachmhara chun scoláirí níos óige a chumasú pleanáil don am amach anseo.
- Chuir páirtithe leasmhara ar an eolas faoin gcomhthéacs, seachadadh agus scrúdú na teangacha nua Ardteistiméireachta
- Comhoibriú méadaithe idir TIBÉ, ambasáidí agus pobail









Ráitis ó thuismitheoirí:

'Míle buíochas as an seisiún a eagrú, agus ach go háirithe as an seisiún a thabhairt inár dteanga dhúchais. Táimid díreach tar éis bogadh go dtí an tír seo agus mar sin táimid an-bhuíoch gur tugadh an t-eolas tábhachtach, luachmhar dúinn go soiléir.'

'Go raibh maith agat as míniú chomh cuimsitheach ar an gcáipéis churaclaim. Déanann sé níos mó céille dúinn anois. Tá sé an-chabhrach!'

'Cruinniú an-luachmhar. Go raibh míle maith agaibh! Go háirithe as páistí a spreagadh Polainnis a roghnú.'

'Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as an gcruinniú. Dhá uair an-luachmhar a bhí ann! Níl mo pháistí ach sa bhunscoil anois, agus mar sin bhí a lán ceisteanna agam, mar mhúinteoir agus mar thuismitheoir araon. Go raibh míle maith agaibh as na mínithe, na ráitis agus na léargais luachmhara ar fad'.

An chéad chéim eile:

- Lean de na seisiúin rialta eolais in 2023 a eagrú
- Leathnaigh na seisiúin chun breis teangacha curaclaim, a dtacaíonn TIBÉ leo, a chur san áireamh
- Lean ar aghaidh ag cur feabhais ar rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus scoláirí nach bhfuil cumas acu sa teanga
- Lean ar aghaidh le riachtanais na dtuismitheoirí a aithint, chun áiseanna a chruthú nó a aimsiú agus tacú leo dá réir.

Forbairt ar dheiseanna Sínis agus cultúr Shíneach a fhoghlaim

Gníomh 2.A.6

1,890 scoláire | 25 scoil | 7 rang ar an Satharn | 6 múinteoirí

Léargas ginearálta:

Chun deiseanna foghlama Sínise a fhorbairt, tá gá le comhoibriú agus iarrachtaí ó gach oideachasóir agus páirtí leasmhar sa réimse staidéir sin. Do TIBÉ, ba bhliain eile é 2022 inár bhunaigh siad naisc nua agus ina ndearna siad athcheangal le daoine eile. Mar thoradh ar chomhoibriú, rinne TIBÉ dul chun cinn i roinnt forbairtí maidir leis an ábhar a thabhairt isteach, forbairt thosaigh agus leanúnach mhúinteoirí Sínise agus tacaíocht do scoileanna agus do scoláirí.

Príomhaidhmeanna:

- Cinntigh go bhfuil caighdeán sásúil ar sholáthar Sínise i scoileanna
- Cuir FGL agus tacaíocht ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí inseirbhíse agus d'ábhair oidí
- Cuir bunú cláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí chun cinn chun go mbainfidh múinteoirí Sínise cáilíocht amach
- Tabhair tacaíocht do scoláirí agus do thuismitheoirí maidir le ceisteanna agus áiseanna do churaclam na Sínise
- Téigh i ngleic le hoideachasóirí agus taighdeoirí Sínise ag gach leibhéal

Gníomhaíocht:

Soláthar Sínise

I rith 2022, chuir múinteoirí Sínise TIBÉ réimse clár Sínise agus cultúr Síneadh ar fáil do 293 scoláire Sraithe Sóisearaí, 1,487 scoláire san idirbhliain agus 110 scoláire Ardteistiméireachta i scoileanna agus ranganna ar an Satharn. Bhí rath ar chúrsa Sínise píolótach don Ardteistiméireacht ar líne. Déanfar athbhreithniú ar na heispéiris agus eolas carntha, agus curtha i bhfeidhm ar rolladh amach tuilleadh teangacha i bhfómhair na bliana 2023.

Tacaíocht do mhúinteoirí Sínise

D'fhostaigh TIBÉ seisear múinteoirí cuartaíochta chun tacú le cur i bhfeidhm na cláir Sínise i scoileanna. Cuireadh córas tacaíocht in áit le seisiúin FGL, cuairteanna scoile, breathnú ranga agus machnamh. seisiúin meantóireachta agus cruinnithe rialta chun caighdeán an tsoláthair agus folláine na múinteoirí a chinntiú.

Tá méadú tagtha ar bhallraíocht an ghrúpa ar Facebook – Pobal Múinteoirí Sínise – go 109 múinteoir, taighdeoir agus ábhair múinteoirí in Éirinn. Tá an grúpa á bhainistiú ag TIBÉ, ag plé le ceisteanna ó mhúinteoirí agus ag cur uasdátaithe ar fáil ar eolas tábhachtach i réimsí amhail an cuarclam, scrúduithe agus forbairt ghairmiúil.

Caidreamh le páirtithe leasmhara

Rinne TIBÉ taighde agus chuir siad le chéile ceithre thuairisc maidir leis na riachtanais, réasúnaíocht, féidearthachtaí agus moladh go mbunófaí oideachas tosaigh múinteoirí chun go mbainfeadh múinteoirí Sínise iar-bhunscoile cáilíocht amach in Éirinn. Cuireadh torthaí na dtuairiscí os comhair príomhpháirtithe leasmhara chun eolas a dhéanamh don chéad chéim eile den fhorbairt.

D'oibrigh TIBÉ le hiar-bhunscoileanna, institiúidí cultúrtha agus staidéir na hÁise in ardoideachas chun an chumarsáid agus an comhoibriú a mhéadú idir an dara agus tríú leibhéal. Le bliain anuas, d'eagraigh TIBÉ Pobal Cleachtais dírithe ar theanga faoi leith do mhúinteoirí i scoileanna poiblí agus comhlántacha (scoileanna Sathairn, mar shampla) Tugadh cuireadh do TIBÉ cainteanna agus cuir i láthair ar Shínis agus ar staidéar ar theangacha iasachta, straitéisí cuí teanga agus oideachas, oideolaíocht agus teicneolaíocht in oideachas teanga, é sin ar fad do scoláirí i scoileanna, do mhúinteoirí in institiúidí cultúrtha agus d'ábhair oidí in ollscoileanna in Éirinn.


Tionchar:

- Bhain 1890 scoláire buntáiste as na cláir éagsúla Sínise a chuir TIBÉ ar fáil
- D'aistrigh múinteoir amháin ón múnla cuartaíochta go fostaíocht lánaimseartha is coil tríd an scéim leithdháilte breise
- Cumarsáid leanúnach pobal le múinteoirí agus oideachasóirí Sínise ag gach leibhéal in Éirinn
- Cúig sheisiún traenála curtha ar fáil i dtrí institiúid adoideachais.

An chéad chéim eile:

- Déan athbhreithniú ar an scéim phíolótach den chúrsa Sínise ar líne ar an Satharn, sula dtosaíonn an chéad téarma oifigiúil agus tuilleadh teangacha a rolladh amach.
- Lean leis an gcomhoibriú ar bhunú Oideachas Tosaigh Múinteoirí do mhúinteoirí Sínise iar-bhunscoile in Éirinn
- Tarraing aird ar an modúl samplach teanga bhunscoile agus cuir feabhas ar rannpháirtíocht mhúinteoirí Sínise
- Lean leis an tacaíocht do thuismitheoirí agus foghlaimeoirí oidhreachta agus méadaigh an tacaíocht do thuismitheoirí d'fhoghlaimeoirí Sínise nach teanga oidhreachta dóibh í.









Rinne 110 scoláire TIBÉ an chéad scrúdú Mandairínise san Ardteistiméireacht in 2022

Léargas ginearálta:

Ba é scrúdú Ardteistiméireachta 2022 a chuir deireadh leis an gcéad thimthriall den Mhandairínis mar cheann de na ceithre theanga nua a tugadh isteach in 2020.

Thug múinteoirí TIBÉ 19 scoláire ó scoileanna agus 91 eile ó na ranganna Sathairn chun an scrúdú Sínise a dhéanamh san Ardteistiméireacht den chéad uair.

Príomhaidhmeanna:

- Tacú le bunú an churaclaim Sínise don Ardteistiméireacht i scoileanna, agus lena fhorbairt.
- Rochtain ar Shínise a mhéadú, mar aon lena roghnú sa tSraith Shinsearach

Gníomhaíocht:

Tá grúpa beag scoileanna ag cur cúrsaí Ardteistiméireachta Sínise ar fáil, an chuid is mó den am tógtar na cúrsaí seo ar eispéiris dhearfacha de na cláir sóisir agus idirbhliana Sinise a bhunú go héifeachtacht.

Agus timthriall chóras tacaíochta dhá bhliain déanta, rinne na múinteoirí TIBÉ Sínise an-dul chun cinn, tá saineolas faighte acu i dteagasc, foghlaim agus measúnú maidir le soláthar Shínis na hArdteistiméireachta.

De réir a chéile, forbraíodh an curaclam, a chuir múinteoirí TIBÉ ar fáil, chun sonraíocht an churaclaim agus a thuilleadh a léiriú. Le bliain anuas, chonacthas breis teagmhála le pobail i gcláir Ardteistiméireachta i scoileanna, chun deiseanna praiticiúla, fiúntacha a thabhairt do scoláirí chun an teanga a shealbhú agus a úsáid.

Chun tacú le scoláirí nach bhfuil rochtain acu ar an gcuraclam ina scoileanna féin, chuir TIBÉ ranganna ar fáil ar an Satharn i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus críochnóidh scéim phíolótach na ranganna ar líne ar an Satharn in earrach 2023.

Tionchar:

- Rinne 110 scoláire, ar mhúin múinteoir TIBÉ iad, Sínis na hArdteistiméireachta. Is iad seo thart ar 40% de na iarrthóirí scrúdaithe don tSínis Ardteistiméireachta, bunaithe ar staitisticí Choimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Fuair na scoláirí torthaí iontacha mar aon le dearcadh athraithe mar gheall ar an teanga agus an curaclam – shíl móramh de na scoláirí nach raibh an rang chomh scanrúil agus go raibh sé níos taitneamhaí ná mar a shamhlaigh siad roimh thus an ranga.

Ráitis ó scoláirí:

'Comhscoláirí deasa, múinteoir deas agus stíl deas teagaisc'.

'Bhí sé go hiontach a bheith ábalta nascadh le daoine agus timpeallachta, timpeallacht a chuirtear i láthair'.

'Freagraíonn an múinteoir aon cheist atá agam ar Shínis. Tá iomaíocht idir cairde maidir lenár gcuid scileanna a fheabhsú. Is bealach dom é Sínis a fhoghlaim'.

'Is maith liom taighde a dhéanamh liom féin n
le daoine eile faoin gcultúr Síneach '.

Clúdach sna Meáin:

IT THE IRISH TIMES

Leaving Cert students sit first ever Chinese exam: 'It's definitely easier than Irish'

About 290 students sat the Mandarin Chinese paper on Monday

Expand



Students Ellie McLoughlin, Masem Ali and Jake Murray-McGuirk at Kishoge Community College in Dublin who sat the first Mandarin Chinese Leaving Cert higher level exam. Photograph: Nick Bradshaw

Carl O'Brien
Mon Jun 20 2022 - 18:39

THE IRISH TIMES

Kishoge Community College's principal Niall Hare said he was delighted that the school has had the opportunity to broaden students' horizons.

"We feel it really benefits students to have the chance to learn a big, global language. I think we were one of the first schools to provide it as a fully integrated subject in the curriculum when we opened in 2014," he said.

"There has been interest in it all the way along . . . some of our students went to China on scholarships and are now studying Chinese at university."

Independent.ie

Leaving Cert: It's 'jia you', as 300 students make history by sitting first exam in Mandarin

'Fair yet challenging' paper as pupils enjoy opportunity to study 'subject that was different from anything else'



Students Aoife Liu and Diyora Sidikova at Our Lady's Grove Secondary School, Goatstown, with the Mandarin Chinese paper. Photo: Gerry Mooney

Katherine Donnelly
June 21 2022 02:30 AM

Independent.ie News Opinion Business Sport Life Style En

Up to 300 Leaving Cert students made history yesterday as they sat the first ever State exam in Mandarin Chinese.


In one Dublin school, candidates entered the exam hall with a motivating "jia you" ringing in their ears. It is a popular Chinese expression of encouragement, which translates literally as "add oil" and it was teacher Niamh McNally's way of cheering on her students to do their best.

The five Mandarin Chinese candidates at Our Lady's Grove, Goatstown, came out of the exam happy.


Ms McNally, whose own study of Chinese started at Maynooth University when she took it as a module for her arts degree, said she "really liked" the inaugural Leaving Cert exam.

"I thought it was very fair, yet challenging. There were very good options, with good opportunities for students to get marks and great opportunities to be challenged," she said.









Balla bia ó scoláirí i Scoil Gharrán Mhuireve

An chéad chéim eile:

- Earcaigh agus tabhair traenáil do mhúinteoirí nua bunaithe ar éileamh ó scoileanna
- Déan athbhreithniú ar riachtanais múinteoirí nuair a chríochnaíonn an chéad timthriall de thacaíocht churaclaim
- Spreag múinteoirí chun dul ar aghaidh agus saineolas a fhorbairt i réimsí éagsúla teagaisc agus foghlama
- Spreag scoileanna go leanúnach chun Sínis na hArdteistiméireachta a bhunú, bunaithe ar an rath a bhí ar thabhairt isteach na Sínise sa tSraith Shóisearach agus san Idirbhliain.

1,487 scoláire



24 scoil

Léargas ginearálta:

In 2022, thug TIBÉ tacaíocht do 35 modúl Sínise san idirbhliain trí mhúinteoirí cuartaíochta a leithdháileadh ar 24 scoil. Chuidigh an tacaíocht le 1,487 scoláire rochtain a fháil ar theanga agus cultúr éagsúil. Cuireadh an chéad chéim ar fáil do roinnt chun leanúint le hoideachas Sínise agus cultúr na Síne don Ardteistiméireacht agus ina dhiaidh.

Príomhaidhmeanna:

- Deis a thabhairt do scoileanna Sínis a thabhairt isteach
- Múinteoirí nua Sínise a imeascadh sa chóras scoileanna
- Feabhas a chur ar chaighdeán an churaclaim Sínise san idirbhliain i scoileanna
- Líon na scoláirí a roghnaíonn Sínis don Ardteistiméireacht a mhéadú

Gníomhaíocht:

Dhírigh an modúl Sínise san idirbhliain, a sholáthair múinteoirí TIBÉ, ar gach gné d'fhoghlaim teanga, múineadh an chultúir tríd an teanga mar aon le aird a tharraingt ar fheasacht scoláirí ar ilteangachas agus ilchultúr.

D'oibrigh TIBÉ le scoileanna chun a gcuid riachtanas éagsúla a aithint agus chun réimse modúl a sholáthar. Mhairfeadh na modúil Sínise seo ar feadh bliana, ar bhonn sealaíochta chun:

- Leanúint le cúrsa iomlán nó le gearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí
- Tús a chur le cúrsa Ardteistiméireachta
- Sínis a thabhairt isteach den chéad uair mar theanga nua ar an gcuraclam
- Soláthar teangacha a leathnú i scoileanna
- Breis scoláirí oidhreachta a thabhairt isteach

Tionchar:

- D'fhoghlaim1,487 scoláire faoi chultúr na Síne agus faoin tSínis.
- Aiseolas dearfach ó scoileanna agus í scoláirí
- Aird a tharraingt ar Shínis agus ar chultúr na Síne i bpobal na scoile agus níos faide i gcéin



Coláiste Choilm



Coláiste Íosagáin



Coláiste Sailéaiseach



Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin



Campas Oideachais Mhá Nuad



Ráitis ó Scoláirí:

'Is maith liom an t-atmaisféar, mínítear gach rud go han-soiléir agus tá na gníomhaíochtaí suimiúil'.

Bhí na ranganna an-spraiúil mar gheall ar an múinteoir'.

'Tá an múinteoir deas, tacúil. Tá gach duine ar a suaimhneas le chéile.

Tá na ranganna ar fad idirghníomhach, mealltach'.

'Rinne muid 'cogarnach Shíneach' I SÍNIS!! Ag deireadh an lae, bhí orainn é a aistriú ach d'fhoghlaim muid conas treoracha a thabhairt dá chéile i Sínis!'



An chéad chéim eile:

- Lean leis an tacaíocht do FGL múinteoirí agus do scoileanna a chuireann an modúl Sínise ar fáil
- Spreag níos mó múinteoirí Sínise i bpobalscoileanna agus in institiúidí cultúrtha chun páirt a ghlacadh in imeachtaí Languages Connect don idirbhliain (m.sh. #ThhinkLanguages)

Seapáinis

Gníomh 2.A.6
2.C.1
2.B.3

25 scoil. | 2,042 scoláire | 2 rang Sathairn | 18 múinteoirí

Léargas ginearálta:

Cuireann TIBÉ ranganna Seapáinise ar fáil in iar-bhunscoileanna, agus anuas air sin, ofrálann ranganna Seapáinise don Ardteistiméireacht ar an Satharn i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Fostaíonn TIBÉ 18 múinteoirí Seapáinise. I measc na ranganna tá, gearrchúrsaí don tSraith Shóisearach, modúil teanga Idirbhliana, agus cúrsaí Ardteistiméireacht. Is teanga churaclaim í Seapáinis a thugann deis do scoláirí teanga de chuid na hÁise a fhoghlaim ina scoil féin.

Príomhaidhmeanna:

- Ranganna Seapáinise a chur ar fáil do scoláirí i ngnáth-iar-bhunscoileanna
- Cuir deis ar fáil do scoláirí rochtain a fháil ar theanga Ardteistiméireachta nach bhfuil ar fáil ina scoil, trí ranganna Ardteistiméireachta a chur ar fáil ar an Satharn i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh
- Deis a thabhairt do scoláirí rochtain a fháil ar theanga thearcteagasctha nach bhfuil ar fáil i mórán scoileanna

Gníomhaíocht:

Oibríonn TIBÉ le scoileanna chun ranganna Seapáinise a thabhairt isteach agus a leathnú. Tugann Comhairleoir Seapáinise TIBÉ FGL agus tacaíocht do na múinteoirí Seapáinise. Tá roinnt múinteoirí Seapáinise tar éis a gcuid scoláirí a thabhairt ar thurais go dtí an tSeapáin, eispéireas thar a bheith saibhir do na scoláirí. Thug roinnt múinteoirí gníomhaíochtaí spraiúla Seapáinise isteach sa rang, amhail ranganna cócaireachta, ranganna damhsa Seapánach, nó origami, bíonn na scoláirí an-tógtha leo ar fad. Thug TIBÉ ranganna Seapáinise don tSraith Shóisearach isteach trí bliana ó shin, agus tá siad ar súil i dtrí scoil le 275 scoláire san iomlán páirteach. Tá 1,770 scoláire ag foghlaim faoin tSeapáinis agus faoina cultúr i modúil. In 2022, thosaigh dhá scoil nua an clár i Ros Comáin agus i mBaile Átha Cliath.



Níor tháinig mórán athrú ar líon na scoileanna agus líon na scoláirí a dhéanann Seapáinis don Ardteistiméireacht. Tá 344 scoláire páirteach i ranganna Seapáinise don Ardteistiméireacht in iar-bhunscoileanna agus tá rochtain ag 91 scoláire sa 5ú agus 6ú bliain ar ranganna Seapáinise TIBÉ i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.







Tionchar:

Ráitis ó scoláirí:

'Is maith liom ár ranganna Seapáinise mar bíonn siad spreagúil spraíúil i gcónaí. Bíonn atmaisféar dearfach sa rang i gcónaí agus múintear an t-ábhar, a bhfuil staidéar á dhéanamh againn air, ag ráta maith. Tugtar rud éigin nua dúinn in gach rang agus tugtar go leor ama dúinn chun é a fhoghlaim'.

'Tá an tSeapáinis éagsúil leis na teangacha atá ar eolas agam nua atá foghlamtha agam (Béarla, Cróitis agus Spáinnis) mar tá a haibítir féin aici agus rialacha atá uathúil i gcomparáid le teangacha eile. Is teanga spraíúil, bríomhar í, agus bíonn deiseanna iontacha ann mothúcháin a léiriú agus muid ag scríobh nó ag caint'.

An chéad chéim eile:

- Lean leis na ranganna Seapáinise in 2023
- Earcaigh múinteoirí agus Cúntóirí Teangacha lasachta nua agus tabhair traenáil dóibh
- Lean leis an FGL a thabhairt do gach múinteoir

Portaingéilis

Gníomh 2.A.6
2.C.1

3 múinteoirí | 6 rang idirbhliana | 345 scoláire

Léargas ginearálta:

Tacaíonn TIBÉ le soláthar Portaingéilis trí ranganna idirbhliana agus ranganna Ardteistiméireachta ar líne

Príomhaidhmeanna:

Is rogha amháin as raon féidearthachtaí iad ranganna Ardteistiméireachta chun teangacha tearctheagasctha, a bhfuil píolótú á dhéanamh orthu, a thabhairt isteach. Beidh scoláirí, a dhéanfaidh Ardteistiméireachta in 2023, ar an gcéad ghrúpa chun an cúrsa seo a chríochnú.

Gníomhaíocht:

Tá na ranganna Ardteistiméireachta ar líne ar siúl le dhá bhliain anois, agus tá méadú 75% tagtha ar líon na scoláirí atá cláraithe. Tiocfaidh méadú ar na huimhreacha sna blianta atá romhainn má scaiptear an t-eolas a thuilleadh.

Cuireann na ranganna seo ar chumas na scoláirí rochtain a fháil ar an gcúrsa Portaingéilise don AT, beag beann ar a n-áit chónaithe agus ar an scoil ina bhfuil siad.

Oibríonn TIBÉ i gcomhar le H2 Learning chun an cúrsa seo a chur ar fáil. Téann TIBÉ i mbun comhairle leis na hambasáidí cuí chun na deiseanna do theagasc agus foghlaim na Portaingéilise a scaipeadh agus a chur chun cinn.

Chláraigh 35 scoláire ó 27 scoil éagsúil do ranganna Ardteistiméireachta ar líne.

Tionchar:

'Múinteoirí iontacha a ghlacann an t-am chun dul sa tóir ar scoláirí agus chun cuidiú leo ar gach bealach 10/10 Bhain mé an-sult as an dá bhliain dheireanacha'.

An chéad chéim eile:

- Lean le leathnú na ranganna Portaingéilise ar líne
- Lean le tacaíocht do na ranganna Portaingéilise idirbhliana

8 scoil | 598 scoláire | 3 rang ar an Satharn | 7 múinteoir


Léargas ginearálta:

Cuireann TIBÉ ranganna Rúise ar fáil in iar-bhunscoileanna ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí, agus ofrálann ranganna Ardteistiméireachta ar an Satharn i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i Luimneach.

Príomhaidhmeanna:

- Cuireann Ranganna Rúisise ar fáil do scoláirí i ngnáth-iar-bhunscoileanna
- Cuireann deis ar fáil do scoláirí, ar chainteoirí oidhreachta iad a mórchuid, rochtain a fháil ar an teanga mar ábhar AT, trí na ranganna Rúisise Ardteistiméireachta ar an Satharn

Gníomhaíocht:



Oibríonn TIBÉ le scoileanna chun tacú le tabhairt isteach agus le leathnú na ranganna Rúisise. Fostaíonn TIBÉ seachtar múinteoirí Rúisise, a mhúineann ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí. Cuireann foireann Oifigigh Oideachais FGL agus tacaíocht ar fáil do na múinteoirí. I measc na ranganna tá gearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, modúil teanga na hidirbhliana agus cúrsaí AT. Thug TIBÉ ranganna Rúisise in ocht scoil ar fud na tíre do 598 scoláire in 2022.

In 2022, d'fhreastail 440 scoláire ar ranganna Rúisise don Idirbhliana chun foghlaim faoin Rúisis agus faoin gcultúr Rúiseach.

Ghlac 79 scoláire páirt i ranganna Rúisise don AT, d'fhreastail an móramh (72) ranganna ar an Satharn.

Tionchar:

- Rinne 419 scoláire an scrúdú Ardteistiméireachta Rúisise in 2022; fuair go leor scoláirí torthaí iontacha.
- Tugtar tacaíocht ina bhfolláine agus i gcoinneáil a dteanga oidhreachta

An chéad chéim eile:

- Lean leis na ranganna Rúisise in 2023

5 scoil | 395 scoláire | 2 mhúinteoirí

Léargas ginearálta:

Is teanga churaclaim Ardteistiméireachta i Liotuáinis ó 2020, agus rinne an chéad ghrúpa scoláirí an scrúdú i Meitheamh 2022. Cuireann TIBÉ ranganna Liotuáinise ar fáil in iar-bhunscoileanna ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí, agus eagraíonn ranganna Liotuáinise don Ardteistiméireacht ar an Satharn i mBaile Átha Cliath.

Príomhaidhmeanna:

- Ranganna Liotuáinise a chur ar fáil do scoláire i ngnáth-iar-bhunscoileanna
- Deis a thabhairt do scoláirí, ar chainteoirí oidhreachta móramh acu, rochtain a fháil ar an teanga mar ábhar Ardteistiméireachta trí ranganna Liotuáinise don Ardteistiméireachta chur ar fáil ar an Satharn.

Gníomhaíocht:

Oibríonn TIBÉ le scoileanna chun tacú le tabhairt isteach agus le leathnú ranganna Liotuáinise. Fostaíonn TIBÉ beirt mhúinteoirí Liotuáinise a mhúineann ranganna ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí. Cuireann foireann Oifigigh Oideachais TIBÉ FGL agus tacaíocht ar fáil do na múinteoirí Liotuáinise. I measc na ranganna tá gearrchúrsaí don tSraith Shóisearach, modúil don idirbhliain agus cúrsaí Ardteistiméireachta. Chuir TIBÉ ranganna Liotuáinise ar fáil i gcúig scoil ar fud na tíre agus do 395 scoláire in 2022. Tá sé seo tar éis fás go mór ó 105 scoláire in 2021.

Tá 25 scoláire i gColáiste Chnoc na Feá i Muineachán ag foghlaim Liotuáinis sa ghearrchúrsa don tSraith Shóisearach. Tá 318 ag foghlaim faoin Liotuáinis agus faoi chultúr na Liotuáine i ranganna idirbhliana in 3 iar-bhunscoil. Tá 52 scoláire rannpháirteach i ranganna Ardteistiméireachta Liotuáinise. Freastalaíonn 12 acu seo ar ranganna Liotuáinise don tSraith Shinsearach i mBaile Átha Cliath.



Ghlac scoláirí Fraincise agus Liotuáinise ó Choláiste Chnoc na Feá páirt in #ThinkLanguages





Chuaigh scoláirí ó Choláiste Chnoc na Feá go dtí an Liotuáin mar chuid de thionscadal Erasmus+

Tionchar:

- Fuair scoláirí a d'fhreastail ar ranganna Ardteistiméireachta de chuid TIBÉ torthaí an-mhaith in 2022 – fuair níos mó ná 40% de scoláirí H1
- I mórchuid de chásanna, chuidigh freastal ar ranganna le scoláirí a dteanga oidhreachta a choinneáil, rud a bhfuil tionchar an-dearfach aige ar a bhfolláine

An chéad chéim eile:

Lean le seachadach na ranganna Liotuáinise in 2023.

Polainnis

Gníomh 2.B.3
2.E.9

29 scoil | 1,486 scoláire | 3 rang Sathairn | 16 múinteoir

Léargas:

Tugadh Polainnis isteach mar ábhar churaclaim don Ardteistiméireacht in 2020, agus rinne an chéad ghrúpa scoláirí an scrúdú nua i Meitheamh 2022. Cuireann TIBÉ ranganna Polainnise ar fáil in iar-bhunscoileanna sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach, agus cuireann siad ranganna Polainnise ar fáil ar an Satharn i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh.

Príomhaidhmeanna:

- Ranganna Polainnise a chur ar fáil do scoláirí i ngnáth-iar-bhunscoileanna
- Cuir deis ar fáil do scoláirí, ar chainteoirí oidhreachta iad a móramh, rochtain a fháil ar an teanga mar ábhar Ardteistiméireachta trí ranganna Sathairn sa Pholainnis don AT.

Gníomhaíocht:

Oibríonn TIBÉ le scoileanna chun tacú le tabhairt isteach na Polainnise, agus lena leathnú. In 2022, tháinig méadú ar líon na scoileanna a chuir Polainnis ar fáil. Fostaíonn TIBÉ 16 Polainnise, a mhúineann ag leibhéil na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí. Is méadú suntasach é seo ar uimhreacha 2021 (12). Cuireann foireann Oifigigh Oideachais FGL agus tacaíocht ar fáil do na múinteoirí. I measc na ranganna tá gearrchúrsaí don tSraith Shóisearach, modúil teanga Idirbhliana, agus cúrsaí AT> Chuir TIBÉ arnganna Polainnise ar fáil i 29 scoil ar fud na tíre, do 1416 scoláire san iomlán in 2022.

Foghlaimíonn thart ar 300 scoláire, i 6 scoil, Polainnise i ngearrchúrsaí don tSraith Shóisearach. Maidir le Coláiste Naomh Brógáin, i gCo. Chorcaí, Coláiste Merilin i nGailimh agus Coláiste Phort Laoise, ofrálann siad ar fad Polainnis do gach scoláire a thagann isteach sa chéad bhliain, mar chúrsa iomlán don tSraith Shóisearach.

In 2022, d'fhreastail breis agus 1000 scoláire ar ranganna Polainnise san idirbhliain chun foghlaim faoi Pholainnis agus faoina cultúr.

Ghlac 93 scoláire páirt i ranganna Polainnis don Ardteistiméireacht in iar-bhunscoileanna. Ghlac 46 acu páirt i ranganna foghlaim chumaisc. D'fhreastail 72 scoláire ar ranganna Polainnise Ardteistiméireacht ar an Satharn i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh.

Ghlac múinteoirí TIBÉ páirt in imeachtaí ina scoileanna, áit a ndearna siad, mar aon leis na scoláirí, ceiliúradh ar cuisine traidisiúnta Polannach, teanga agus cultúr, agus chuir siad chun cinn iad. Bhí deis ag scoláirí agus múinteoirí triail a bhaint as bia na Polainne, frásaí Polainnise a fhoghlaim agus fáil amach faoi áiteanna ar fhiú cuairt a thabhairt orthu. Chuidigh múinteoir eile le bunú rannóg Polainnise i leabharlann na scoile.

Tionchar:

- I mórchuid de na cásanna, chuidigh freastal ar ranganna leis an scoláire a theanga oidhreachta a choinneáil, rud a bhfuil tionchar an-dearfach aige ar a fholláine.

An chéad chéim eile:

Lean le soláthar na ranganna Polainnise in 2023






POLSKA
BE RESPECTFUL


Blackout poetry
Poezja z cienia

Campaí Samhraidh do Theangacha Oidhreachta agus Teangacha Tearctheagasctha

Gníomh 2.C.2
2.E.10

4 champa samhraidh 82 scoláire

Léargas ginearálta

Tagann maoiniú do na campaí samhraidh ó fheachtas feasachta Languages Connect do scoláirí iar-bhunscoile. Maireann na campaí samhraidh coicís, múineann daoine gairmiúla orthu agus is deis iontach iad do scoláirí a gcuid scileanna teanga a fheabhsú.

Príomhaidhmeanna:

- Tacaíocht a chur ar fáil do scoláirí chun cuidiú leo a dteanga oidhreachta a choinneáil
- Teangacha nua, tearctheagasctha agus oidhreachta a chur ar fáil do scoláirí iar-bhunscoileanna ar bhealach spraíúil, mealltach.

Gníomhaíocht:

Is é 2022 an ceathrú bliain de na campaí samhraidh do theangacha nua, oidhreachta agus tearctheagasctha. Tá meascán de theanga, spórt agus ranganna cultúir ar fáil sa spriocthéanga. Tugann TIBÉ maoiniú agus comhairle do na campaí samhraidh agus reáchtálann daoine aonair nó i gcásanna eile, eagraíochtaí, amhail ollscoileanna iad. Tá na comhordaitheoirí freagrach as fógraíocht do na campaí, clárú na scoláirí agus clár an champa a chur le chéile. Cuidíonn TIBÉ leis na comhordaitheoirí chun aiseolas a fháil ó thuismitheoirí agus scoláirí, agus úsáideann na comhordaitheoirí an t-aiseolas chun campaí samhraidh a fheabhsú agus a chur chun cinn don todhchaí. Ba é 2022 an chéad bhliain d'ollscoil campa samhraidh a reáchtáil. Tá sé seo an-chabhrach do roinn teangacha tearctheagasctha.

Rómáinis - Co. Bhaile Átha Cliath

Liotuáinis - Co. Monaghan

Polainnis - An Choillidh, Co an Chabháin

Sínis - OCBÁC, Co. Bhaile Átha Cliath

'An ghníomhaíocht ab fhearr liom ná na traidisiúin, mar gur fhoghlaim muid a lán rudaí suimiúla, agus bhí seans againn fiú roinnt de na traidisiúin a dhéanamh, amhail dearadh a fhuáil ar línéadach'

Tionchar:

- Tá scoláirí oidhreachta níos muiníní ag úsáid a dteanga tar éis an champa
- Is féidir scoláirí, a chuir eolas ar theanga tearctheagasctha den chéad uair, a spreagadh teanga a thógáil don Ardteistiméireacht nó don tríú leibhéal
- Ba é an rátáil meánach ná 4.7 as 5 réalta

An chéad chéim eile:

- Lean ar aghaidh ag cur campaí samhraidh chun cinn agus tacú leo, campaí samhraidh i dteangacha nua, oidhreachta agus tearctheagasctha a reáchtáil in 2023.
- Spreag níos mó ollscoileanna campaí samhraidh a ofráil do theangacha nua, oidhreachta agus tearctheagasctha.





Campa samhraidh Sínise 2022











Campa samhraidh Polainnise 2022









Campa samhraidh Liotuáinise 2022











Campa samhraidh Rómáinise 2022





Cuir fáilte roimh theangacha

Gníomh 2.B.3
2.E.9

50,000 páistí bunscoile | 720 scoil | 15 theanga éagsúla

Léargas ginearálta:

In 2022, lean TIBÉ le cur i bhfeidhm modúl samplach teanga i mbunscoileanna sa dara bliain. Sa mhodúil 'Cuir fáilte roimh theangacha' tá bunchúrsa i nuatheanga iasachta nó i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil do pháistí bunscoile.

Tugann múinteoirí ranga nó oidí cuartaíochta na ranganna thar thréimhse 8 seachtaine.

Príomhaidhmeanna:

- Aird a tharraingt ar an raon teangacha a úsáideann a bpiaraí, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ina measc, ina scoileanna agus ina bpobail, rud a d'fhéadfadh tacú le tuilleadh cuimsithe agus tuiscint ar éagsúlacht sa phobal.
- Spreagadh roghnú teangacha san iar-bhunscoil
- Deiseanna chur ar fáil do bhreis comhoibrithe i bpobal na scoile maidir le ceiliúradh a dhéanamh ar theangacha agus ar chultúir.
- Tacú le tabhairt isteach Languages Connect, Straitéis do Nuatheangacha Iasachta san oideachas in Éirinn 2017-2026.



Teangacha a roghnaíodh	Líon scoileanna
Fraincis	256
Spáinnis	170
Teanga Chomharthaíochta na hÉireann	78
Gearmáinis	45
Iodáilis	11
Sínis	4
Polainnise	10
Seapáinis	2
Portaingéilis	2
Rómáinis	6
Araibis	3
Tamailís	2
Úcráinis	9
Eabhrais	1
Rúisis	2

Gníomhaíocht:

Lean an modúl 'Cuir fáilte roimh theangacha' sa scoilbhliain 2022/23 le breis agus 700 scoil agus 50,000 páiste páirteach. Ba mhéadú é seo ar 200 scoil an bhliain roimhe agus le go leor scoileanna ag cur isteach air don dara bliain.

Event management packs and supports have been delivered by Languages Connect to all schools for this year's celebration, and an array of pre-recorded and live workshops have also been made available. This year students can enjoy sessions such as Korean and Taekwondo, German and the Viennese Waltz, Portuguese and Capoeira, Spanish and Latin American Percussion and Translation with EC Translators, to name just a few.



Foireann Seaimpíní #Think Languages: Buaiteoirí Náisiúnta 2022

Roghnaíodh Coláiste Pobail Grifín i Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath mar bhuaiteoirí ginearálta Fhoireann Seaimpíní #ThinkLanguages 2022. Phleanáil an fhoireann lá iomlán, le cainteoirí ón earnáil airgeadais, fórsaí armtha, agus daoine eile ag roinnt scéalta faoin bhuntáiste a thug teangacha dá saol agus dá ngairm. Thug Rodica Darii, múinteoir na Foirne Seaimpíní, tacaíocht do lucht na hidirbhliana. Bhuaigh an fhoireann seaimpíní deis lá iomlán ceardlanna beo a fháil ina scoil do gach duine san idirbhliain. Bronnadh Corn Foireann Seaimpíní #ThinkLanguages na Bliana orthu.

Tionchar:

- Rinne 15,000 scoláire ar fud na tíre ceiliúradh le chéile ar bhuntáistí scileanna teanga
- Chruthaigh na laethanta ullmhúcháin roimh ré atmaisféar dearfach, spreagúil faoi theangacha. Chuidigh na hearraí agus físeáin phromóisin a chruthaigh lucht idirbhliana leis an imeacht a chur chun cinn, agus bhí tionchar aige sin ar an bpobal níos leithne.
- In 2022, d'fháiltigh roinnt scoileanna roimh scoláirí ón Úcráin ina bpobail scoile, agus chuir siad Úcráinis agus cultúr na hÚcráine san áireamh sna himeachtaí. Chuir sé seo béim ar thábhacht na héagsúlachta agus an chuimsithe sa scoil.
- Dúirt 97% de na scoláirí i suirbhé go molfadh siad an t-imeacht do dhaoine eile
- Dúirt 71% de scoláirí i suirbhé gur aithin siad go raibh scileanna teanga ag comhscoláirí, nach raibh a fhios acu fúthu roimh an imeacht.
- Tá tuiscint ag 87% de scoláirí ar luach teangacha iasachta anois, mar gur fhoghlaim siad faoi na deiseanna iontacha a thugann teangacha.

An chéad chéim eile:

- Leathnaigh #ThinkLanguages 2023 go ceiliúradh seachtaine idir an Luan 27 Samhain agus Aoine 1 Nollaig.
- Athbhreithnigh an struchtúr agus déan forbairt air, bunaithe ar aiseolas ó scoileanna, le cinntiú go n-oireann sé don chomhthéacs scoile in 2023.


Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages
Think Understanding
Diversity
#ThinkLanguages

Liosta Ceardlann:

- Damhsa Arabach agus Éigipteach
- Araibis
- Bulgáiris
- Sínis
- Sínis agus cultúr na Síne
- Seicis
- Danmhairgis agus Dearadh
- Filipínis agus Arnis
- Fionlainnis
- Fraincis agus Beachaireacht nádúrtha
- Fraincis agus Ceardaíocht
- Canadh i bhFraincis
- Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
- Iodáilis
- Geáitsí na hIodáile
- Gearmáinis agus Beachaireacht
- Gearmáinis agus an Válsa Víneach
- Ceardlann Iodáilise
- Seapáinis
- Damhsa na Seapáine
- Oragámaí na Seapáine
- Cóiréis agus Taekwondo
- Cóiréis
- Polainnis
- Polainnis, stair agus cultúr na Polainne
- Portaingéilis agus Capoeira
- Rómáinis
- Spáinnis agus Flamenco
- Aistriúchán le Coimisiún na hEorpa
- Tuircis

Scoileanna Rannpháirteacha: (182)

Ag Foghlaim le Chéile Chill Mhantáin Thuaidh, Co. Chill Mhantáin
Coláiste an ArdEaspaig Mhic Éil, Co na Gaillimhe
An Ardscoil, Co. Bhaile Átha Cliath
An Croí Rónaofa, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí
Ardscoil na Tríonóide, Co. Chill Dara.
Ardscoil Ráth Daingean, Co. Chill Dara
Ceardscoil Bhaile Uí Mhatháin, Co. Longfort
Ceardscoil Bhuiríos, Co. Cheatharlach
Ceardscoil Dhoim Sheanbhó, Co. Liatroma
Cnoc Mhuire, Co. Longfoirt
Coláiste Alexandra, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste an Átha, Co. Loch Garman
Coláiste an Chraoibhín, Co. Chorcaí
Coláiste an Chríoch, Co. Loch Garman
Coláiste an Chroí Naofa, Co. Chorcaí
Coláiste an Phiarsaigh, Co. Chorcaí
Coláiste Ard Feá, Co. Mhuineacháin
Coláiste Áth an Chóiste, Co. Chorcaí
Coláiste Belvedere, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Bhaile Chláir, Co. na Gaillimhe
Coláiste Bhaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin
Coláiste Bhríde, Co. Chill Mhantáin
Coláiste Bríde, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Calasanctius, Co. na Gaillimhe
Coláiste Chiaráin, Átha Luain, Co. Ros Comáin
Coláiste Chiaráin, Co. Luimnigh
Coláiste Chiaráin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara
Coláiste Chluain Caoin, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Chnoc an tSamhraidh, Sligeach, Co. Shligigh
Coláiste Cholmcille, Co. Dhún na nGall
Coláiste Clarin, Co. na Gaillimhe
Coláiste Dáibhís, Co. Chorcaí
Coláiste de Lacy, Co. na Mí
Coláiste Éamonn de Rís, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí
Coláiste Éamonn de Rís, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Éanna, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Fionnchua, Co. Chorcaí
Coláiste Inbhir, Co. Mhuineacháin
Coláiste Iósaef, Co. Luimnigh
Coláiste Loreto, Crom Ghlinn, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Loreto, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Marino, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste McEgan, Co. Chorcaí
Coláiste Mhuire na mBráithre Críostaí, Co. Loch Garman
Coláiste Mhuire, An Baile Gearr, Co. Ros Comáin
Coláiste Mhuire, Baile Sheáin, Co. Chill Chainnigh
Coláiste Mhuire, Co. Chill Mhantáin
Coláiste Micheál, Co. Chiarraí
Coláiste Muire Máthair, Co. na Gaillimhe
Coláiste Muire, Baile an Mhóta, Co. Shligigh
Coláiste Muire, Cobh, Co. Chorcaí
Coláiste na Corónach Muire Naofa, Co. na Gaillimhe
Coláiste na Croise agus na Páise, Co. Chill Dara
Coláiste na Dea-Chomhairle, Co. Loch Garman
Coláiste na nDoiminiceach, Cnoc Sion, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste na Toirbhirte, Tuaim , Co. na Gaillimhe
Coláiste na Trócaire Chnocán Seabhac, Trá Lí, Co. Chiarraí
Coláiste na Trócaire, An Chúlóg, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste na Trócaire, Co. Luimnigh
Coláiste Nano Nagle, Co. Luimnigh
Coláiste Naomh Aindriú, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Naomh Benildus, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Naomh Finnian, Co. na hIarmhí
Coláiste Naomh Leo, Co. Cheatharlach
Coláiste Naomh Macartan, Co. Mhuineacháin
Coláiste Naomh Seosaimh, , Co. Thiobraid Árann
Coláiste Naomh Seosaimh, Co. na Gaillimhe
Coláiste Phádraig, Co. Chorcaí
Coláiste Pháirc Mhucrois, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Pháirc na Maoile, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Phobail an Ghrifín, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Phortlaoise, Co. Laois
Coláiste Pobail Aill Finn, Co. Ros Comáin
Coláiste Pobail Bhaile Lutrail, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Pobail Bhaile na gCros, Co. na hIarmhí
Coláiste Pobail Bhóthar an Chlochair, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Pobail Bhuiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann
Coláiste Pobail Chaisleán Chnucha, Co. Bhaile Átha Cliath

Coláiste Pobail Chill Áirne, Co. Chiarraí
Coláiste Pobail Chill Orglan, Co. Chiarraí
Coláiste Pobail Fhearann Dara, Co. Uíbh Fhailí
Coláiste Pobail Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Pobail Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Pobail na Gaillimhe, Co. na Gaillimhe
Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Co. Phort Láirge
Coláiste Pobail Ráth Chairn, Co. Meath
Coláiste Pobail Ros Comáin, Co. Ros Comáin
Coláiste Pobail Saint Conleth, Co. Chill Dara
Coláiste Pobail Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Pobail Theach na Giúise, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Ráithín, Co. Chill Mhantáin
Coláiste Rís, Co. Lú
Coláiste Sancta Maria, Baile Uí Ruáin, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Sancta Maria, Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo
Coláiste Shruthán na Coille, Co. Chill Mhantáin
Coláiste Theach Mealóg, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí
Colásite Phort Nua, Co. Thiobraid Árann
Gairmscoil Chú Uladh, Co. Dhún na nGall
Garrán Mhuire, Co. Bhaile Átha Cliath
Iar-bhunscoi Naomh Fearnáin, Co. Chill Dara
Iar-bhunscoil Chúil Dheá, Co. Shligigh
Iar-bhunscoile Sceach, Co. Lú
Institiúid Láir Teicneolaíochta Chluain Meala, Co. Thiobraid Árann
Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile Bhéal Maighne, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile Gaillimh, Co. na Gaillimhe
Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile Mhullach Íde Phort Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile, Páirc Dhumhach Thrá, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil An Chéim Ag Foghlaim le Chéile,
Meánscoil an Chreidimh Naofa, Cluain Tarbh, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil an Chreidimh Naofa, Naomh Daithí, Co. Chill Mhantáin
Meánscoil an Teaghlaigh Naofa, An Droichead Nua, Co. Chill Dara
Meánscoil Bhrí Mhór Ag Foghlaim le Chéile, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil Chill Mhantáin Ag Foghlaim le Chéile, Co. Chill Mhantáin
Meánscoil Chorcaí Ag Foghlaim le Chéile, Co. Chorcaí.
Meánscoil Chríost Rí do Chailíní, Co. Chorcaí
Meánscoil Ghrianán Mhuire, Co. na hIarmhí
Meánscoil Loreto, An Uaimh, Co. na Mí
Meánscoil Loreto, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil Loreto, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Meánscoil Loreto, Loch Garman, Co. Loch Garman
Meánscoil Mhuire, An Port Nua, Co. Thiobraid Árann
Meánscoil Mhuire, An tAonach, Co. Thiobraid Árann
Meánscoil Mhuire, Co. Mhuineachán
Meánscoil Mhuire, Glas Naíon, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil Mhuire, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí
Meánscoil Mhuire, Mala, Co. Chorcaí
Meánscoil Mount Sackville, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil na Toirbhirte, Baile an Mhistéalaigh, Co. Chorcaí
Meánscoil na Toirbhirte, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh
Meánscoil na Toirbhirte, Co. Cheatharlach
Meánscoil na Toirbhirte, Lios Tuathail, Co. Chiarraí
Meánscoil na Toirbhirte, Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí
Meánscoil Naomh Bríd na Toirbhirte, Co. Chiarraí
Meánscoil Naomh Raphaela, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil Naomh Seosaimh, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil Stanhope, Co. Bhaile Átha Cliath
Meánscoil Ursalach, Dúrlas Éile, Co. Thiobraid Árann
Mount Saint Michael Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí
Muire Lourdes, Co. Loch Garma
Muire na Trócaire, Co. Phort Láirge
Patrician Academy Mala, Co. Chorcaí
Pobalscoil an Chaisleán Riabhach, Co. Ros Comáin
Pobalscoil an Mhaighean, Co. Longfoirt
Pobalscoil Áth Luain, Co. na hIarmhí
Pobalscoil Bhaile Átha Fhirdhia, Co. Lú
Pobalscoil Bhaile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath
Pobalscoil Bhaile Coimín, Co. Chill Mhantáin
Pobalscoil Chábán tSíle, Co. Bhaile Átha Cliath
Pobalscoil Cheann tSáile, Co. Chorcaí
Pobalscoil Chloch Cheann Fhaola, An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall
Pobalscoil Maighean Rátha, Co. Laois
Pobalscoil Mhullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath
Pobalscoil Naomh Chomh Cille, Co. Bhaile Átha Cliath
Pobalscoil Shráid an Mhuillin, Co. Chorcaí
Pobalscoil Tamhlachta, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Bhóthar na Carraige, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Bhríde, Meánscoil na Trócaire, Co. na Gaillimhe
Scoil Chaitríona, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Chuimsitheach Bhóthar Buí, Co. Chorcaí
Scoil Chuimsitheach Phádraig, Co. an Chláir
Scoil Crannóg Nua, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Mhuire an Chreidimh Naofa, Cill Easra, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh, Co. Chorcaí
Scoil na mBráithre Críostaí, Co. Loch Garman
Scoil na mBráithre Críostaí, Dúrlas Éile, Co. Thiobraid Árann
Scoil Naomh Aingeal, Clochar Ursalach, Co. Phort Láirge
Scoil Naomh Aodán na mBráithre Críostaí, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Ollscoile Catiliceach, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Pháirc Chill Fhionntain, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Phobail Bhaile Chill Dara, Co. Chill Dara
Scoil Phobail Chaisleán an Chomair, Co. Chill Chainnaigh
Scoil Phobail Chill Droichid, Co. Chill Dara
Scoil Phobail Chluain Torc, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Phobail Dhiméin Haywood, Co. Laois
Scoil Phobail Ghailinne, Co. Uíbh Fháilí
Scoil Phobail Naomh Louis, Co. Mhaigh Eo
Scoil Phobail Sliabh Luachra, An Ráth Mór, Co. Chiarraí
Scoil Phóil, Co. Luimnigh
Scoil Theach an Mhainéir, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Theampall na Carraige, Co. Chill Mhantáin
Scoil Villiers, Co. Luimnigh


Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages
Think Unde
Diversity
#ThinkLanguage


Think Global
Work Opportunities
#ThinkLanguages


#ThinkLanguages
Think Global Opportunities




Think Global Opportunities
#ThinkLanguages




Think Greater
Life Experiences
#ThinkLanguages
Think Improved
Wellbeing
#ThinkLanguages








Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages


Think Greater
Life Experiences
#ThinkLanguages
Think Understanding
Diversity
#ThinkLanguages
Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages


THINK
9-10am Opening Ceremony
Japanese
10-11am German
11.20-12.20 Ukranian
12.20-1:20 Arabic
2:00-3:00 Hungarian
3:00-4:00 Lithuanian






#ThinkLanguages


Think Improved Wellbeing
#ThinkLanguages


Think Boosting Life Skills
#ThinkLanguages




Think Wider Circle of Friends
#ThinkLanguages
Think Understanding Diversity
#ThinkLanguages






Think Greater
Life Experiences
#ThinkLanguages




Think Global
Work Opportunities
#ThinkLanguages




Think Greater
Life Experiences
#ThinkLanguages


Think Improved
Wellbeing
#ThinkLanguages
Think Wider
Circle of Friends
#ThinkLanguages
Think Understanding
Diversity
#ThinkLanguages
Think Greater
Life Experiences
#ThinkLanguages

Comhoibriú agus Aird a tharraingt le hinstitiúidí Ardoideachais

Gníomh: 3.A.1
3.B.2

11 HEIs supported

Léargas ginearálta:

Faoi fheachtas feasachta Languages Connect, tugtar maoiniú d'institiúidí Ardoideachais (IAO/HEI) chun foghlaim teanga a chur chun cinn.

Príomhaidhmeanna:

- Na naisc idir IAOanna a láidriú chun tacú le foghlaim teanga agus le feasacht chultúrtha.
- Cúrsaí teanga a chur chun cinn ag an 3ú leibhéal – mar phríomhábhair, mionábhair agus mar ábhair roghnacha.
- Aird a tharraingt ar dheiseanna gairme agus deiseanna chun staidéar a dhéanamh thar lear.

Gníomhaíocht:

I mí Bealtaine 2022, rinneadh an tríú glao faoi choinne iarratas ar mhaoiniú d'feachtas feasachta Languages Connect. Chuir 11 IAO isteach air, agus tugadh maoiniú de €10k ar a mhéad dóibh. D'úsáid na IAOanna an maoiniú ar bhealaí éagsúla chun aird a tharraingt ar na cúrsaí atá acu agus chun teangacha éagsúla a chur chun tosaigh i measc a gcuid scoláirí agus scoláirí féideartha dara leibhéal. Reáchtáil TIBÉ cruinniú líonraithe ar an 6ú Deireadh Fómhair d'IAOanna, agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíochta. Deis a bh ann do ranna teanga ó IAOanna éagsúla teacht le chéile agus plé a dhéanamh ar an riachtanas céimithe ó thionscail a bheit ann, dúshláin san earnáil, conas teangacha a chur chun cinn agus malartú smaointe maidir le caiteachas maoinithe sna hIAOanna éagsúla.



Bhí IAOanna páirteach in #ThinkLanguages i mí na Samhna trí ambasadóirí scoláirí teanga do scoileanna a d'iarr duine. Thug TIBÉ eolas teagmhála do scoileanna d'oifigigh teagmhála de chuid IAOanna.

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Reáchtáil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Seachtain Teangacha i bhFeabhra/Márta. Thug a gcuid scoláirí sa bhliai dheireanacha agus iarchéimithe ranganna teanga do scoláir sa 6ú bliain.

Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

Chuir Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan roinnt ambasadóirí teanga ar scoláirí iad amach chun cuairt a thabhairt ar iar-bhunscoileanna.

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Reáchtáil Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Lá Teangacha Oscailte i gcomhpháirt le hOifig Chlár Rochtana na Trionóide. Phléigh siad na conairí éagsúla atá ar fáil chun staidéar a dhéanamh ar theangacha, agus na buntáistí a bhaineann le teangacha eile a fhoghlaim.

Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne

D'úsáid Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir a gcuid maoinithe chun a gcéim nua gnó idirnáisiúnta a chur chun cinn, trí feachtas promóisin bunaithe ar fhíseán a dhéanamh.

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Chuir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ranganna Iodáilise ar fáil i rith théarma an earraigh do 6 ghrúpa scoile ó 3 scoil éagsúla. D'eagraigh siad searmanais bronnta do na scoláirí agus páistí a raibh Iodáilis déanta acu i rith na scoilbhliana. Agus chuir siad cúrsa uasoiliúna ar líne ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile a bhí chun Iodáilis a theagasc.

Ollscoil na Gaillimhe

Chuir Ollscoil na Gaillimhe 7 gceardlann bácál ar fáil mar aon le 3 cheardlann ar Ghreannáin na Fraince d'iar-bhunscoileanna i gCo. na Gaillimhe. D'eagraigh siad Ceardlanna Gearmáinise agus Cultúr na Gearmáine ar champas Ollscoil na Gaillimhe - do 100 scoláire i mí Bealtaine. D'fhoilsigh siad 'I Wan to Speak Ukrainian', leabhar pictiúr do pháis bunscoile i mBéarla agus Úcráinis. Seoladh i mí Bealtaine é agus thug siad cóipeanna saor in aisce do gach bunscoil i gCo. na Gaillimhe.

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Chruthaigh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh 7 bhfíseán promóisin teanga chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar theanga ag an 3u leibhéal. Sheol siad comórtas 'Teangacha ag ATU na Gaillimhe'. Ba é 31 Márta an spriocdháta agus ar an 8 Aibreán bhí searmanas bronnta ar an gcampas le beagnach 160 scoláire agus múinteoir.



Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

D'eagraigh Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt comórtas ealaíne i dteanga iasachta do bhunscoileanna, ar ar tugadh PicLingo. Bhí ar pháistí pictiúr den fhocal iasachta ab'fhearr leo a tharraingt.

Ollscoil Luimnigh

D'eagraigh Ollscoil Luimnigh Lá Teangacha agus Feasacht Chultúrtha ar 16ú agus 17ú Bealtaine. Eagraíodh é i gcomhpháirt le hOifig Rochtana OL, Acadamh do Pháistí, agus bhí an seans ag 80 páiste i rang 6, scríbhneoireacht na hAraibise agus damhsa Flamenco a fheiceáil. D'ofráil siad Ranganna Samplacha Teanga ar líne idir 24-30 Bealtaine, mar chuid d'Fhéile Luimnigh Foghlaim ar feadh an tSaoil 2022. Bhí Seachtain Teangacha OL ar siúl idir 26-30 Meán Fómhair, agus i measc na n-imeachtaí chun Lá Eorpach na dTeangacha a cheiliúradh, bhí léamh ilteangach litríochta, maidin idirnáisiúnta caifé agus Bothán Grianghraf Teangacha. Ar an 28 Meán Fómhair, d'eagraigh siad Malartú Teangacha, clár malartaithe i measc scoláirí OL, agus imeascadh scoláirí Erasmus/Staidéar Thar Lear á chur chun cinn le scoláirí teanga sa bhaile. Ar an 21 agus 22 Deireadh Fómhair, d'eagraigh siad Laethanta Oscailte OL, rud a chuir teangacha chun cinn i measc lucht 5ú agus 6ú blianta.

Tionchar:

- Tá caidreamh bunaithe ag mic léinn tríú leibhéil agus léachtóirí le scoláirí iar-bhunscoile agus bunscoile araon, trí laethanta oscailte, comórtais agus ranganna agus ceardlanna i scoileanna.
- Is eispéireas dearfach do scoláirí é cuairt a thabhairt ar champas agus foghlaim faoi shaol na hollscoile, staidéar a dhéanamh ar theanga agus dul thar lear ar Erasmus.
- Is féidir físeáin phromóisin a úsáid ar na meáin shóisialta, agus d'fhéadfadh siad lucht féachana i bhfad níos mó a shroicheadh ná lá oscailte, maidir le líon amhairc agus lucht féachana éagsúla, m.sh. tuismitheoirí agus múinteoirí, mar aon le scoláirí.

An chéad chéim eile:

- Lean ar aghaidh ag cur foghlaim teanga ag an tríú leibhéal chun cinn le tacaíochtaí éagsúla agus ar gach cainéal cumarsáide de chuid Languages Connect.

Comhoibriú maidir le haird a tharraingt – MS Léamhatón SI

Gníomh: 3.A.1

Méadú 62% ar líon na ndaoine a roghnaíonn é

Léargas ginearálta:

Is imeacht seanbhunaithe bliantúil é Léamhatón SI, agus spreagann sé páistí a oiread leabhar agus is féidir a léamh, agus iad ag bailiú airgid do SI Éireann (MS Ireland). Don tríú huair, thug Languages Connect urraíocht i bhfoirm iPad do bheirt pháistí a bhailigh os cionn €50 agus a léigh i dteanga iasachta.

Príomhaidhmeanna:

- Daoine óga a spreagadh léamh i dteanga seachas Gaeilge nó Béarla
- Tábhacht na léitheoireachta i dteanga oidhreachta a chur chun cinn i measc tuismitheoirí

Gníomhaíocht:

Is imeacht bliantúil é Léamhatón SI agus ba é seo an 35ú bliain de pháistí a spreagadh chun a oiread leabhar agus ab fhéidir leo a léamh. Chuir Languages Connect le cur chun cinn an imeachta agus spreag siad rannpháirtithe chun léamh i dteanga seachas Gaeilge nó Béarla. Léigh páistí i réimse teangacha ina measc Araibis, Seicis, Danmhairgis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Ungáiris, Mandairínis, Polainnis, Spáinnis agus Úcráinis. Roghnaíodh beirt a raibh leabhair i dteanga iasachta léite acu chun iPad a bhuachan. Spreagadh tuismitheoirí chun a gcuid páistí a léamh ina dteanga oidhreachta, rud a chuireann le Scéim Mhaoinithe do Leabharlanna Scoile de chuid Languages Connect.



Tionchar:

- In 2022, tháinig méadú de 62% ar líon na bpáistí a léigh i dteanga iasachta, i gcomparáid le 2021.

An chéad chéim eile:

- Lean leis an obair le Léamhatón SI in 2023
- Déan iarracht na páistí atá rannpháirteach in 'Cuir Fáilte roimh Theangacha' a mhealladh le bheith rannpháirteach i Léamhatón SI, go háirithe i gcomhthéacs líon sonrach scoileanna a bhain leas as Scéim Maoinithe na Leabharlanna Scoile.

Comhoibriú a tharraingíonn aird – Oíche Chultúir

Gníomh: 3.A.1
3.A.2
3.A.4

19 Languages 400 participants

Léargas ginearálta:

D'eagraigh Languages Connect agus ionadaithe ó Choimisiún na hEorpa imeacht le chéile i dTeach na hEorpa d'Oíche Chultúr agus chun Lá Eorpach na dTeangacha a cheiliúradh. Bhí ranganna blaisithe teanga ar fáil i 19 dteanga.

Príomhaidhmeanna:

- Ilteangachas agus tábhacht teangacha iasachta a chur chun cinn san AE
- Tábhacht teangacha iasachta a chur chun cinn in imeacht náisiúnta
- Léiriú gur féidir le gach duine dul i ngleic le teangacha
- Oibriú le hambasáidí, institiúidí cultúrtha agus Coimisiún na hEorpa
- Imeacht in éineacht a eagrú agus Oíche Chultúir agus Lá Eorpach na dTeangacha a thabhairt le chéile

Gníomhaíocht:

In 2022, leathnaigh Languages Connect agus Coimisiún na hEorpa ranganna samplacha teanga Oíche Chultúir chun imeacht ar an láthair agus imeacht ar líne a dhéanamh. Bhí dhá imeacht tráthnóna againn chun ceiliúradh a dhéanamh ar Oíche Chultúir ar an Aoine 23 Meán Fómhair agus Lá Eorpach na dTeangacha ar an Luan 26 Meán Fómhair. D'fhéadfadh rannpháirtithe clárú nó bualadh isteach chuig Teach na hEorpa tráthnóna Aoine chun ranganna samplacha teanga i 10 dteanga: Catalóinis, Sínis, Cróitis, Eastóinis, Gearmáinis, Iodáilis, Cóiréis, Liotuáinis, Rómáinis agus Úcráinis. Den chéad uair, ba chuid de Chonair Cultúr na hEorpa é an t-imeacht (a eagraíodh i gcomhpháirt le hInstitiúidí Náisiúnta an Chultúir san Aontas Eorpach). Bhí roinnt daoine a shiúil isteach chun páirt a ghlacadh san imeacht ionas go bhféadfadh siad stampa a fháil ar a 'bpas' (Ambasadóir na Fraince in Éirinn).

Bhí ranganna ar líne ar siúl i 9 dteanga eile tráthnóna Luain, Lá Eorpach na dTeangacha. Bhí rannpháirtithe ábalta áit a chur in áirithe roimh ré agus ranganna samplach a dhéanamh i mBulgáiris, Fionlainnis, Gréigis, Seapáinis, Fraincis, Gaeilge, Polainnis, Portaingéilis agus Spáinnis.

Tionchar:

- Rinne breis agus 400 duine ranganna samplacha thar an dá oíche.
- Iarradh ar rannpháirtithe suirbhé a dhéanamh agus thug 95% díobh 5 réalta don imeacht.
- I measc na ráiteas, bhí 'Togra iontach';'An-spraíúil';'Taitneamhach';'Ba aoibhinn liom é';'Iontach' agus 'Ar fheabhas'.

An chéad chéim eile:

- Lean le himeacht Oíche Chultúir agus Lá Eorpach na dTeangacha dhá thráthnóna, ar líne agus ar an láthair in 2023.
- Cuir teangacha breise leis.

Oíche Chultúir 2022











Léargas ginearálta:

Comhoibríonn TIBÉ go rialta le raon leathan ambasáidí agus institiúidí cultúrtha chun tacú leo agus chun an tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha iasachta a chur chun cinn.

Príomhaidhmeanna:

- Tarraing aird ar thábhacht foghlaim teangacha chun úsáid níos leithne teangacha iasachta a spreagadh.
- Sainaithin áiteanna a bhfuil leibhéal suime agus éileamh ar thacaíochtaí teangacha oidhreachta.
- Tabhair tacaíocht do shaoránaigh ó thíortha éagsúla a ghlacann páirt sa Scéim Cúntóirí Teangacha Iasachta
- Cuir cainteoirí ar fáil d'imeachtaí a bhaineann le soláthar deiseanna do theagasc agus foghlaim teangacha nua
- Glac páirt in imeachtaí idirnáisiúnta dírithe ar oideachasóirí teanga.

Gníomhaíocht:

D'oibrigh TIBÉ go dlúth le go leor institiúidí cultúrtha agus ambasáidí i rith 2022. Tá an obair leis na hambasáidí agus institiúidí cultúrtha ilghnéitheach. Chuidigh na hambasáidí cuí le haird a tharraingt ar sheisiúin eolais faoi theangacha oidhreachta do thuismitheoirí agus scoláirí. D'oibrigh TIBÉ le hambasáidí agus institiúidí cultúrtha chun tacú le cur chun cinn scéim Cúntóirí Béarla. Chuir institiúidí cuí cultúrtha múinteoirí Fraincise, Gearmáinise agus Cóiréise ar fáil d'imeacht Oíche Chultúir. Chuir ambasáid na Cóiré ábhar ar fáil do cheardlanna Cóiréise #ThinkLanguages.

D'fhreastail ionadaithe TIBÉ ar imeachtaí a d'eagraigh ambasáidí, amhail Ambasáid na hOstaire i mí Aibreáin don searmanas bronnta dá gcomórtas Aiste Gearmáinise, agus ag searmanas a d'eagraigh Ambasáid na Portaingéile. Ag an ócáid sin, bhronn Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, céim oinigh ar uachtarán na Portaingéile. Lean TIBÉ leis an gcomhoibriú le hambasáidí na Brasaíle agus na Portaingéile chun eolas a scaipeadh maidir le tacú le leabú na Portaingéilise mar theanga nua churaclaim i gcóras oideachais na hÉireann.

Comhoibrithe eile TIBÉ in 2022:

Cur chun cinn theangacha nua Ardteistiméireachta

D'fhoilsigh TIBÉ bileoga maidir le teangacha oidhreachta, agus scaipeadh iad trí na hambasáidí Polannach, Liotuánach, Síneach agus Portaingéalach, dá saoránaigh chun iad a spreagadh teangacha nua curaclaim a roghnú ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

Alliance Française

Maidir le 77 náisiúnach Francacha, fostaithe mar Chúntóirí Fraincise, bhain siad buntáiste as ceardlann TIBÉ ag an Alliance Française chun tacú lena gcuimsiú i scoileanna na hÉireann. D'fhreastail 131 saoránach Eorpacha agus Seapánacha mar Chúntóirí Teanga Iasachta ar sheisiún tacaíochta a d'eagraigh TIBÉ, i nDeireadh Fómhair 2022. Ag imeacht i mí na Samhna chun ceiliúradh a dhéanamh ar 'Journée Internationale du professeur de français', chuidigh TIBÉ, mar aon leis an Alliance Française, líonraí 3ú leibhéal agus gairmiúla, le hullmhúchán agus le seachadadh imeacht ar líne dírithe ar mhúinteoirí Fraincise ó gach earnáil oideachais.

Institiúid Confucius

Chomhoibrigh TIBÉ le hInstitiúid Confucius chun tacú le hionduchtú agus traenáil dá bhfoireann nua teagaisc agus chun tacú lena gcuid imeachtaí, amhail Comórtas Sínise agus Cultúr na Síne do scoláirí iar-bhunscoile agus le Lá Sínise.

Ilteangachas a spreagadh

Thug ionadaithe cur i láthair ag an gcomhdháil Eorpach 'Ilteangachas a Spreagadh: Leasanna agus Dearcthaí san Eoraip' ar chur chun cinn agus ar fhorbairt ilteangachais in Éirinn, a bhí ar siúl mar chuid d'Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an AE, i gcomhpháirt le hInstitiúidí Náisiúnta um Chultúr san AE agus Coimisiún na hEorpa in Éirinn. Ar an Máirt 29 Márta, d'fhreastail TIBÉ, mar aon le hinstitiúidí cultúrtha an AE, ar Nuafhéile Teangacha na hEorpa. Bhí ionadaithe TIBÉ mar chuid de phainéal ag 'An Ghné Eorpacha in Oideachas na hÉireann tar éis an Bhreatimeachta – Siompóisiam Náisiúnta in Ollscoil Luimnigh i mí Bealtaine 2022.

Ceiliúradh Lá na hEorpa

Ghlac TIBÉ páirt i ngrúpa ina raibh ionadaithe ó ambasáidí, ambasáid na hIodáile agus institiúid chultúrtha na hIodáile san áireamh, chun Lá na hEorpa a cheiliúradh (9 Bealtaine).



Tacaíochtaí Seapáinise

Bhí TIBÉ páirteach go rialta in imeachtaí dírithe ar an tSeapáinis. Mar shampla, cuireadh seisiún eolais de chuid TIBÉ ar fáil do dhaoine a raibh sé i gceist acu a bheith páirteach ar can gclár Malartú agus Múineadh Seapánach, maidir le deiseanna teagaisc a d'fhéadfadh a bheith ar fáil nuair a fhilleann siad ar Éirinn. Chuidigh TIBÉ in eagrú scrúdú cumais Seapáinise (SCS) at Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, imeacht a bhí ar siúl ann ar son fondúireacht na Seapáine. Don Chomórtas Seapáinise de chuid JLIT, imeacht a dtacaíonn ambasáid na Seapáine leis, thacaigh ionadaí de chuid TIBÉ leis an imeacht fosta. Bhí ionadaíocht againn fosta ag an imeacht cultúrtha 'Cuir aithne ar an tSeapáin'.

Moladh na Seapáine

I mí Lúnasa, fógraíodh go mbronnfaí 'Gradam Aire Gnóthaí Eachtracha na Seapáine' ar Karen Ruddock, Stiúrthóir Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ). Bronntar na gradaim ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí a bhain gaiscí sármhaith amach i réimsí idirnáisiúnta, chun a aithint gur chuir siad cairdeas idir an tSeapáin agus tíortha nó ceantair eile chun cinn.

Bronntar an gradam, mar nach mbeadh an rath céanna ar Sheapáinis in Éirinn gan ceannaireacht ná díograis Karen, chun oideachas Seapáinise a fhorbairt in Éirinn. Aithníodh í fosta as a cuid oibre mar léachtóir Seapáinise i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a cuid staidéar iarchéime i dteagasc Seapáinise ar scoláireacht ó rialtas na Seapáine sa tSeapáin, agus as páirt a ghlacadh ar an gclár Malartú agus Múineadh Seapánach

Ambasáid na Liotuáine

Bhuail TIBÉ leis an ambasáid Liotuánach chun na féidearthachtaí maidir le forbairt champaí samhraidh i dteangacha oidhreachta a phlé, agus tharla an chéad champa samhraidh Liotuáinise i samhradh 2022.

Tacaíochtaí Polainnise

Bhuail ambasadóir na Polainne, mar aon le consail Pholannacha, le múinteoirí Polainnise de chuid TIBÉ ar líne chun tuilleadh a fhoghlaim faoina gcuid oibre agus faoi chur i bhfeidhm Polainnise i gcóras oideachais na hÉireann. Bhí ambasáid na Polainne páirteach fosta i seoladh imeachta don tionscadal foghlaim chumaisc, dírithe ar chur i bhfeidhm an oideachais Polainnise i scoileanna na hÉireann. D'fhreastail ionadaithe TIBÉ ar imeacht Lá Náisiúnta Shaoirse na Polainne, a d'eagraigh ambasáid na Polainne.

Scéim na Múinteoirí Spáinnise ar Cuairt

Lean TIBÉ ag tacú leis an Roinn Oideachais i gcur i bhfeidhm an chláir phíolótaigh chun fostaíocht múinteoirí Spáinnise ar cuairt in Éirinn a éascú, bunaithe ar mheabhrán tuisceana idir Roinn an Oideachais in Éirinn agus Aireacht Oideachais agus Cultúr na Spáinne. Dearadh an clár chun breis múinteoirí a sholáthar do scoileanna na hÉireann chun rochtain ar fhoghlaim teangacha a mhéadú. Leathnófar deiseanna chun scileanna agus caidrimh idirchultúrtha a fhorbairt fosta, rud a d'fhéadfadh malartuithe scoile a spreagadh amach anseo.

Tionchar:

- Mar thoradh ar an obair leis na hinstitiúidí, tá TIBÉ tar éis cuidiú le forbairt feasachta ar na teangacha oidhreachta atá ar an gcuraclam agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil fosta. Tá cabhair curtha ar fáil do shaoránaigh na dtíortha rannpháirteach sa scéim CTI. Tá TIBÉ i dteagmháil go rialta le hinstitiúidí cultúrtha agus le hambasáidí chun tacú le nuatheangacha iasachta sa churaclam

An chéad chéim eile:

- Lean leis an gcaidreamh le hambasáidí cuí agus le hinstitiúidí cultúrtha.
- Lean ar aghaidh ag lorg deiseanna chun teachtaireachtaí cuí a thabhairt d' hinstitiúidí cultúrtha agus d'ambasáidí.



Sprioc 3 - Ag dul chun cinn

Tá láithreacht agus caidreamh ag cruinnithe, imeachtaí agus comhdhálacha aghaidh ar aghaidh indéanta arís tar éis na paindéime agus leanfaidh sé mar phríomhchuid den iarracht aird a tharraingt ar theangacha. Forbraíodh go leor comhoibrithe le páirtithe leasmhara, cothaíodh iad agus leanfaidh siad ag fás, ag forbairt agus bhí tionchar acu ar an iarracht daoine a chur ar an eolas.

Leanfaidh #ThinkLanguages ag teacht chun cinn don chomhthéacs reatha scoile agus tabharfar isteach breis gnéithe beo chun páirtithe leasmhara a thabhairt isteach i líonra, agus chun an feachtas seo a leathnú. Tá go leor deiseanna ollmhóra ar fáil chun páistí bunscoile agus a dteaghlach a chur ar an eolas. Tarlóidh sé seo trí fhás an mhodúil bhunscoile 'Cuir fáilte roimh theangacha'.

Tá an t-ainm Languages Connect, agus an brandáil láidir, seanbhunaithe anois agus beidh tionchar aige ar líne, ar mheáin shóisialta, i scoileanna agus ag na himeachtaí líonmhara a eagraíonn TIBÉ agus a bhfreastalaíonn siad orthu. Leanfar leis an bhforbairt ar an mbailiúchán áiseanna agus ábhar promóisin bunaithe ar aiseolas agus taighde ar lucht a n-úsáidte.

Deis thábhachtach a bheidh sa chéad chruinniú mullaigh de chuid Languages Connect chun múinteoirí teanga a chumasú agus chun áiseanna cuí a chur ar fáil dóibh chun go mbeidh siad páirteach san fheachtas feasachta. Deis a bheidh ann fosta do gach páirtí leasmhar comhoibriú agus gnéithe de Straitéis Languages Connect a phlé.

Ag an am céanna leis an obair seo, is gá féachaint ar struchtúir pholasaí a thabhairt isteach, amhail foghlaim teanga iasachta éigeantach, mar aon le deiseanna spreagtha OTF a thacódh leis an bhfeachtas.


Think Improved
Wellbeing
#ThinkLanguages

Tá sé mar aidhm ag **Sprioc 4** cur le rannpháirtíocht fostóirí i bhforbairt agus in úsáid teangacha trádála. Oibríonn TIBÉ chun rannpháirtíocht fostóirí le hiar-bhunscoileanna a spreagadh mar chuid dá dtaithí oibre/rogha gairme san idirbhliain, GCAT agus ATF. Oibríonn TIBÉ fosta le rannpháirtíocht fostóirí a spreagadh le scoláirí i gcomhthéacs #ThinkLanguages agus i gcomhthéacs scoláirí a chur ar an eolas faoi luach teangacha i ngairmeacha.





SPRIOC 4

RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTÓIRÍ A CHUR CHUN CINN I BHFORBAIRT AGUS IN ÚSÁID TEANGACHA TRÁDÁLA

 2 sheimineár gréasáin  237 scoil

Léargas ginearálta:

Chomhoibrigh TIBÉ le Gnó sa Phobal in Éirinn (GPÉ/BITCI) ar shraith seimineár gréasán do scoláirí bunscoile agus iar-bhunscoile in 2022. Is gluaiseacht é GPÉ um athrú inbhuanaithe sa ghnó, agus thug na seimineáir ghréasáin deis chun léargais agus cás-staidéir ón bhfíorshaol a fháil maidir leis na buntáistí a thugann scileanna teanga do ghairmeacha agus don saol pearsanta.

Príomhaidhmeanna:

- Scoláirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chur ar an eolas agus a spreagadh faoi na buntáistí a bhaineann le scileanna teanga don chuid eile den saol agus den ghairm.
- Spreagadh roghnú teangacha ag an dara leibhéal.
- Déan teangacha spraíúil tarraingteach.

Gníomhaíocht:

Cuireadh seimineáir ghréasáin scoláirí ar fáil do scoláirí idirbhliana agus do scoláirí i rang 6, chun iad a spreagadh teanga a roghnú, trí fhoghlaim faoi thábhacht scileanna teanga mar bhealach chun eispéiris iontach a bheith acu, gairmeacha suimiúla san áireamh. Roghnaíodh scoláirí idirbhliana agus scoláirí ó rang 6 mar gurb iad sin na haoiseanna ag a roghnaíonn scoláirí teanga. Chláraigh 137 iar-bhunscoil don seimineár gréasáin idirbhliana agus 100 scoil don seimineár gréasáin bhunscoile.

I measc na ndaoine a rinne agallamh sa seimineár gréasáin, bhí fostaithe comhlachtaí éagsúla (Kerry Foods, SAP Ireland, Met Life, Telus Idirnáisiúnta, Coláiste Belvedere) agus mac léinn ollscoile atá ag déanamh staidéar ar theanga in Ollscoile Chorcaí. Dearadh na seimineáir ghréasáin do na haoisghrúpaí trí chinntiú go ndéanann na cainteoirí caidreamh ag leibhéil na scoláirí. Thosaigh an seimineár gréasáin le tráth na gceist idirghníomhach, ansin bhí painéal daoine ag dul faoi agallamh agus deis do na scoláirí ceisteanna a chur.

Tionchar:

- Dúirt 96% de rannpháirtithe gur spreag an seimineár gréasáin iad chun smaoineamh ar ábhar teanga.
- Méadú ar líon na rannpháirtithe, nach raibh ag iarraidh teanga a roghnú ar dtús, a smaoinigh ar theanga mar rogha (roimh an seimineár gréasáin agus ina dhiaidh)

'Bhí scoláirí faoi dhraíocht agus iad ag éisteacht le daoine atá paiseanta faoi theangacha. Tá an paisean seo tógálach.'

D'fhéadfadh na páistí buntáistí foghlama teanga a aithint. Thaitin sé go mór leo éisteacht le cainteoirí a bhí ag caint i dteangacha éagsúla.'

'Is gá do scoláirí an chúis go bhfuil sé go maith dóibh, agus go maith dá dtodhchaí, staidéar a dhéanamh ar theanga, is gá dóibh é sin a chloisteáil. Tá sé tábhachtach fosta é a chloisteáil ó roinnt daoine i ngairmeacha éagsúla ionas go dtuigeann siad go bhfuil foghlaim teanga go maith do gach duine.'

'Chuidigh sé le roinnt acu a aithint conas mar a d'fhéadfadh teangacha a bheith úsáideach dóibh sa todhchaí. Labhair mé le scoláirí faoi mbealach nach mbeadh sé riamh rómhall teanga a fhoghlaim, mar atá déanta ag roinnt de na cainteoirí.'

An chéad chéim eile:

Lean ar aghaidh ag obair le GPÉ/BITCI chun ábhar atá oiriúnach do scoláirí a fhorbairt, mar aon le himeachtaí a bheadh go maith do dá thaobh ina mbeadh teangacha mar phríomhchúram a fhorbairt.

4 theanga ar fáil 4 theanga á bhforbairt

Léargas ginearálta:

Mar chuid d'obair TIBÉ le treoirchomhairleoirí, cruthaíodh sraith acmhainní chun an gníomh straitéiseach a chur chun cinn trí rannpháirtíocht fostóirí a spreagadh, agus scileanna teanga a thabhairt isteach sa domhan oibre.



Príomhaidhmeanna:

- Tacú le feasacht ar thábhacht teangacha don domhan oibre.
- Múineadh scileanna sa sprioctheanga chur chun cinn maidir leis an domhan oibre

Gníomhaíocht:

In 2022, seoladh an chéad áis sa tsraith 'Domhan na hOibre'. Ba é 'Dúshlán Phrintíseach Mór na dTeangacha' an chéad áis, dírithe ar scoláirí idirbhliana a rinne staidéar ar Fhraincis, Gearmáinis nó Spáinnis ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

San áireamh san áis tá:

- Nótaí múinteora
- Cáipéisí féinmheasúnaithe agus machnaimh
- Piarmheasúnú

Cuireadh na háiseanna seo ar fáil do mhúinteoirí ag comhdhálacha múinteoirí agus tá siad ar fáil le híoslódáil ó shuíomh TIBÉ.

An chéad chéim eile:

- Déan tuilleadh forbartha ar an áis i raon níos leithne teangacha, Sínis, Seapáinis, Liotuáinis agus Polainnis san áireamh.

Sprioc 4 - Ag dul chun cinn

Cuireadh 'Ag obair le teangacha' – áis don idirbhliain, agus do lucht ATF/GCAT – ar fáil do gach iar-bhunscoil chun scileanna teanga agus feasacht teanga a thabhairt isteach sa taithí oibre agus i rannpháirtíocht fostóirí. Cuireadh an áis 'Comhpháirtíocht a chruthú le Fostóirí' ar fáil mar smaointe do rannpháirtíocht fostóirí. Glacadh go maith le rannpháirtíocht fostóirí i gcomhpháirt le Gnó sa Phobal chun seimineáir ghréasáin do scoláirí (san idirbhliain agus i rang 6) a chur ar fáil.

Anuas ar na háiseanna seo, bheadh sé tábhachtach ionadaithe ó earnáil an fhiontair a bheith ann chun gníomhartha, ina mbeadh fostóirí páirteach, agus chun gnóthaí áitiúla agus cumann lucht trádála a spreagadh le bheith páirteach fosta. Bheadh sé úsáideach polasaí a bheith in ait a chuirfeadh bunchloch ar fáil do rannpháirtíocht fostóirí, agus chun caidreamh a dhéanamh le hionadaithe a threoródh taighde ar scileanna don todhchaí agus riachtanais áitiúla.

Baill foirne TIBÉ 2022



Karen Ruddock
Stiúrthóir



Dr Kenia Puig
Oifigeach Oideachais



Dr Chang Zhang
Oifigeach Oideachais



Agnieszka Grochola
Oifigeach Oideachais



Laura Quigley
Oifigeach Oideachais



Salvo Cacciato
Oifigeach Oideachais



Alan McCormack
Oifigeach Oideachais (Lúnasa)



Kanako Ukai
Comhairleoir Seapáinise



Aoife Dungan
Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide



Meabh Duffy
Oifigeach Margaíochta agus Cumarsáide (Lúnasa)



Nellie Tattersall
Oifigeach Tionscadail



Lauri Kealy
Intéirneach Margaíochta (Meitheamh)



Edel Nolan
Intéirneach Margaíochta (Meán Fómhair)



Alice Davenhill
Comhordaitheoir Imeachtaí



Kirsi Hanifin
Oifigeach Tionscadail/Bainisteoir Oifige



Michele Kelly
Riaracháin



Kate Tyndall
Comhordaitheoir Tionscadail i dteangacha bunscoile



Agnieszka Matys-Foley
Oifigeach Scoileanna agus Tionscadail (Meán Fómhair)



Jean-Marie Fournier
Oifigeach Oibríochtaí agus Airgeadais (Meán Fómhair))



Claudia Maloney
Oifigeach cléireachais (Meitheamh)

Comhlaigh TIBÉ 2022

Erica Flanagan
Emily Foynes
Ruth Gilroy
Gemma Kelly
Bernie O'Shea
Elaine Power
Nicola Rowan
Dominique Senard
Patricia Mulholland
Vicky Bouché
Aoife Fleming
Niall Gunning
Geraldine Zechner
Aine O'Donnell
Mark Spencer



Oifigigh forbartha de chuid TIBÉ 20222

Seapáinis
Midori Hayes
Brid Murphy
Irene Bermingham
Mika O'Loughlin
David McCartney
Gretta Daly
Rhonda Tsu Lambe
Chigusa O'Sullivan
Amanda Kiernan
Tetsuo Hirohama
Tomoko Ozaki
Emilie Kearon
Kozue O'Dwyer
Adam Clark
Yuko Sugai
Cher Weir
Tazuko Iijima-Kelly
Matsuyo Miayi
Reiko Heinen

Cóiréis
Heejung Lee

Rúisis
Lana Ilyin
Inna Orlovskaya
Ludmila Snigireva
Olga Vologzhanina
Tanya Moran
Ludmila McGrath

Portaingéilis
Helena Bidarra
Luiz Gasparelli
Monica Goncalves

Sínis
Juan Huang
Tiantian Wu
Wanlin Li
Beibei Su
Yunhe Cheng
Congqing Zeng

Rómáinis
Anka Borzasi

Liotuáinis
Vaida Guliokiene
Kristina Jankaitiene

Polainnis
Marta Majchrzak
Anna Siecinska
Luiza Blachura
Dorota Polatynska
Joanna Lydzinska-Baldbaatar
Mariola Wanczyk
Agnieszka Kaliska
Honorata Puslednik
Dagmara Furman
Agnieszka Adamska
Edyta Bakula
Marta Staszak
Laura Barszczewicz
Aneta Truchan
Ewelina Mencnarowska
Ewelina Keskiewicz

Léargas ginearálta	2022
Tuarastail riaracháin	**€ 818 K**
Tuarastail múinteoirí	**€ 961 K**
Leithdháileadh breise	**€ 228 K**
Tacaíocht tionscadail: (m.sh. FGL Múinteoirí, uasoiliúint múinteoirí, traenáil do chúntóirí teangacha iasachta, áiseanna, comhlaigh, pobail chleachtais)	**€ 297 K**
Daoine a chur ar an eolas (Campaí samhraidh, malartuithe scoile, #ThinkLanguages, Taighde, caidreamh le fostóirí, treoir, feachtais eile)	**€ 681 K**
Modúl Teanga do bhunscoileanna	**€ 885 K**
Tionscadal leabharlainne	**€ 161 K**
Costais oibríochta (Management, Rental, IT, Office, Printing, Postage etc.)	**€ 269 K**
Iomlán	**€ 4,300 K**

Teangacha Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary Languages Ireland

Seachadta
Languages Connect

Tacaithe ag
An Roinn Oideachais
Department of Education